Curaclam na Bunscoile

Primary School Curriculum

Stair

Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

Comhairleoir deartha:	Páirtíocht Bradley McGurk
Arna dhearadh ag:	The Identity Business
Arna chur i gcló ag:	Spectrum Print Management
Arna chlóbhualadh ag:	Mozzon Giuntina - Florence agus Officine Grafiche De Agostini - Novara

© 1999 Rialtas na hÉireann

Stair

Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta

Curaclam

Clár

Réamhrá

Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta 2

An curaclam OSIE 2

Aidhmeanna 5

Stair: tuiscint d'am 6

An curaclam staire 6

Aidhmeanna 12

Cuspóirí leathana 13

Ranganna naíonán

Foramharc 15

Pleanáil 16

Forbairt scileanna agus coincheap 18

Ábhar 19

Ranganna 1 agus 2

Foramharc 23

Pleanáil 24

Forbairt scileanna agus coincheap 26

Ábhar 27

Ranganna 3 agus 4

Foramharc 34

Pleanáil 36

Forbairt scileanna agus coincheap 40

Ábhar 42

Ranganna 5 agus 6

Foramharc 54

Pleanáil 56

Forbairt scileanna agus coincheap 60

Ábhar 62

Measúnú

Measúnú in OSIE 74

Measúnú sa stair 76

Aguisín

Ballraíocht an Choiste Curaclaim don OSIE 88

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta 89

Réamhrá

Oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta

Cuireann oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta (OSIE) deiseanna ar fáil don pháiste na diminsiúin nádúrtha, daonna, sóisialta agus cultúrtha den imshaol áitiúil agus d'imshaoil níos fairsinge a iniúchadh a imscrúdú agus tuiscint orthu a shaothrú; raon leathan scileanna a fhoghlaim agus a chleachtadh; agus dearcadh oscailte criticiúil freagrach a ghnóthú. Cuireann OSIE ar chumas an pháiste maireachtáil mar bhall eolach cásmhar den phobal áitiúil agus de phobail níos fairsinge.

Bíonn OSIE ar siúl laistigh dá lán achar den churaclam, agus saibhríonn sé iad uile. Ar an mbealach sin téann sé chun leasa go suntasach dá lán gnéithe d'fhorbairt an pháiste. Sa churaclam seo tá OSIE leagtha amach faoi thrí cheannteideal: stair, tíreolaíocht agus eolaíocht. Comhlíonann gach ceann de na réimsí seo ról leithleach a chuireann ar chumas an pháiste na himshaoil nádúrtha, daonna, sóisialta agus cultúrtha ina gcónaíonn sé/sí a iniúchadh agus a thuiscint.

An curaclam OSIE

An téarma 'imshaol' a thuiscint

Tá tuiscint ar an téarma 'imshaol' mar chuid bhunúsach d'aon tuiscint ar an oideachas sóisialta, imshaoil agus eolaíochta. Sa churaclam seo úsáidtear an focal 'imshaol' chun an timpeallacht nó na dálaí seachtracha a n-idirghníomhaíonn an rud aonair (pé acu daonnaí nó orgánach beo eile) nó pobal leo a chur in iúl.

Is féidir imshaoil a roinnt in dhá ghrúpa leathana. Cumtar na *himshaoil nádúrtha* den chuid is mó de thoradh idirghníomhú ghnéithe agus phróisis fhisiceacha an domhain, a phlandaí agus a ainmhithe. Samplaí d'imshaoil nádúrtha is ea foraois bháistí thrópaiceach, móinteach nó cladach carraigeach.

In Éirinn tá an tírdhreach modhnaithe agus athruithe go mór ag gníomhaíocht dhaonna i gcaitheamh na mílte bliain. *Imshaoil dhaonna* a thugtar ar imshaoil a modhnaíodh sa tslí seo. Ceantair a ndeachaidh athrú orthu trí láithreacht daoine, ghníomhaíochtaí feirmeoireachta, thochailt mianach, sholáthar bóithre agus nasc cumarsáide eile agus thógáil foirgneamh, is samplaí iad go léir d'imshaoil dhaonna.

Déantúis daoine thar aon rud eile a bhíonn i roinnt imshaol daonna, amhail ceantair uirbeacha, agus *imshaoil fhoirgnithe* a thugtar orthu seo. Fásann imshaoil dhaonna eile de thoradh gníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha, agus is daoine a chruthaíonn iad seo go hiomlán. De réir mar a bhíonn daoine ina gcónaí agus ag obair le chéile, tagann patrúin shóisialta, gaolmhaireacht, córais agus institiúidí chun cinn agus déantar

eispéireas daonna, eolas, luachanna agus creidimh a chur in iúl, a fhorbairt agus a bhuanú trí raon gníomhaíochtaí cultúrtha. Gnéithe d'*imshaoil shóisialta* is ea patrúin iompraíochta daonna, na hinstitiúidí sóisialta atá saothraithe ag daoine agus na córais pholaitíochta agus eacnamaíochta a úsáideann siad; gnéithe d'*imshaoil chultúrtha* is ea gníomhaíochtaí ealaíonta, reiligiúnacha, eitneacha, eolaíocha, teicneolaíocha agus caithimh aimsire.

Iniúchadh agus imscrúdú

Saintréith bhunúsach den fhoghlaim a dhéantar in OSIE is ea an páiste a bheith páirteach in iniúchadh agus imscrúdú gníomhach na n-imshaol seo go léir.

Cuireann oideachas staire ar chumas páistí eachtraí tábhachtacha sa saol atá díreach caite acu féin, sa saol atá caite ag a dteaghlaigh agus ag pobail áitiúla agus eachtraí i startha daoine in Éirinn agus i gcodanna eile den domhan a imscrúdú agus a bhreathnú go criticiúil. Forbraíonn an stair tuiscint ar ghníomhartha, ar chreidimh agus ar inspreagadh daoine san am atá thart, agus tá sí fíor-riachtanach chun go mbeadh léirthuiscint eolach ag an duine ar an tsochaí chomhaimseartha agus ar imshaoil an lae inniu.

In oideachas tíreolaíoch iniúchann páistí gnéithe i dtimpeallachtaí nádúrtha agus daonna agus cuireann siad eolas orthu, go háirithe ar na gnéithe atá sa gharchomharsanacht. Imscrúdaíonn siad na próisis a chruthaíonn, a chothaíonn nó a athraíonn, idir ghnéithe fisiceacha an imshaoil agus idirghníomhú daoine lena chéile agus lena n-imshaoil sa chomharsanacht agus i gcomhthéacsanna níos fairsinge.

Treisíonn oideachas eolaíochta eolas agus tuiscint na bpáistí orthu féin agus ar an domhan ina maireann siad. Tugann sé ar na páistí bheith gníomhach i dtógáil a dtuisceana féin. Athraíonn an tuiscint seo de réir mar a thagann forbairt ar eispéireas na bpáistí. Cur chuige eolaíoch i leith imscrúduithe, cothaíonn sé forbairt scileanna, coincheap agus eolais—rudaí a bhfuil tábhacht leo agus trínar féidir le páistí dúile beo agus a n-imshaoil, ábhair, fórsaí, eachtraí agus fadhbanna coitianta a bhreathnú, a cheistiú, a imscrúdú, agus a thuiscint agus smaoineamh orthu go loighciúil. Is féidir an t-eolas agus na scileanna a ghnóthaítear a chur i bhfeidhm i ngníomhaíochtaí deartha agus déanta, gníomhaíochtaí inar léir do na páistí an gá le gnéithe dá n-imshaoil a chruthú nó a mhodhnú.

Luachanna, dearcadh agus freagrachtaí

Baineann OSIE freisin le luachanna tábhachtacha agus dearcadh tábhachtach a bheith á gcothú. Cothaíonn sé léirthuiscint ar na comhghaolta atá idir na dúile beo uile agus a n-imshaoil agus gríosaíonn sé páistí chun bheith ina ngníomhaithe feidhmiúla agus imshaoil á gcaomhnú do na glúine atá le teacht. Trí mheán a n-imscrúduithe saothraíonn páistí léargas eolach criticiúil eolaíoch a aithníonn a thábhachtaí atá sé aird a bheith acu ar fhíorais, ar chruinneas agus ar réasún agus iad ag teacht ar bhreithiúnais. Féachann OSIE le léirthuiscint ar an oidhreacht chultúrtha agus ar an oidhreacht stairiúil a ghiniúint agus cothaíonn sé atmaisféar don chomhionnanas agus don deis, ina mbíonn meas agus luach ar fhir agus ar mhná, ar ilghnéitheacht chultúrtha, ar mhionlaigh agus ar riachtanais speisialta. Cuirtear in aghaidh claontachta agus leithcheala agus cothaítear meas agus comhthuiscint.

Comhtháthú

I rith bhlianta na bunscolaíochta, soláthraíonn imshaoil an pháiste, go háirithe na cinn áitiúla, comhthéacsanna den scoth agus spreagthach áititheach do chomhtháthú na foghlama. Úsáidtear na ceannscríbhinní ábhar stair, tíreolaíocht agus eolaíocht chun cur i láthair an churaclaim a éascú, agus is cuid thábhachtach d'oidhreacht chultúrtha agus intleachtúil an pháiste bheith feasach fúthu. Tugann gach ábhar dearcadh leithleach ar an domhan agus soláthraíonn sé raon sainiúil scileanna do pháistí. Ní ceart, áfach, go dtiocfadh roinnt seo na n-ábhar salach ar chur i bhfeidhm éifeachtach curaclaim chomhtháite. Beidh páirt thábhachtach le comhlíonadh ag modhanna dea-phleanáilte comhtháite laistigh de OSIE agus idir OSIE agus achair churaclaim eile araon, nuair a bhíonn an curaclam bunscoile á fheidhmiú ag gach leibhéal. Is féidir le topaicí dea-phleanáilte comhtháite comhthéacsanna a sholáthar inar féidir eolas agus scileanna a fhorbairt i raon achar. Is féidir a lán eilimintí de na curaclaim sa stair, san eolaíocht agus sa tíreolaíocht a iniúchadh ag an am céanna, agus cuideoidh go leor den obair a dhéanfar le teanga ó bhéal, litearthacht, uimhearthacht, feasacht aeistéitiúil, léiriú cruthaitheach agus scileanna cumarsáide a fhorbairt.

Tá roinnt gnéithe comhshnaidhmthe sa churaclam d'fhonn comhtháthú éifeachtach a éascú. I gcás páistí óga, is fearr tabhairt faoi OSIE ar bhealach iomlánaíoch toisc go luíonn sé seo leis an dearcadh neamhroinnte a bhíonn acu ar an domhan. Dá réir sin, tá riar maith athráite agus comhchosúlachtaí curtha isteach san ábhar teagaisc a mholtar i snáitheanna agus i snáithaonaid na dtrí ráiteas curaclaim do na

ranganna naíonán agus do ranganna 1 agus 2. Gheofar tuilleadh moltaí mar gheall ar staidéir chomhtháite sna treoirlínte do mhúinteoirí a ghabhann leo seo.

De réir mar a théann páistí in aois aithníonn siad de réir a chéile go bhfuil bealaí nó modhanna difriúla ann chun breathnú ar an domhan agus chun eolas daonna a eagrú. Mar sin is féidir éagsúlacht a chothú sna straitéisí teagaisc agus cur chuige iomlánaíoch roinnt den chomhtháthú traschuraclaim agus fócas ábharlárnach a bheith iontu. Tagraítear do naisc thraschuraclaim agus do staidéir chomhtháite inúsáidte in ábhar na ráiteas curaclaim do ranganna 3 go dtí 6. Is mar mholtaí amháin ba chóir breathnú orthu sin: daoine agus a ngníomhaíochtaí, dúile beo eile, gnéithe, ábhair, eachtraí agus próisis atá le fáil in imshaoil áitiúla agus in imshaoil níos fairsinge, soláthraíonn siad sin a lán deiseanna eile cur chuige comhtháite a chleachtadh san fhoghlaim. Úsáideann cur chuige dá leithéid am teagaisc agus foghlama go héifeachtúil agus aithnítear ann go bhfuil forás sóisialta, mothúchánach, dearcaidh agus morálta an pháiste fite fuaite i ngnóthú eolais agus scileanna.

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an oideachais shóisialta, imshaoil agus eolaíochta ná

- a chur ar chumas an pháiste eolas, scileanna agus dearcadh a shealbhú i dtreo go saothrófar tuiscint eolach chriticiúil ar shaincheisteanna sóisialta, imshaoil agus eolaíochta
- fiosracht agus samhlaíocht mar gheall ar imshaoil áitiúla agus cinn níos fairsinge a threisiú agus a spreagadh
- a chur ar chumas an pháiste rólanna freagracha a ghlacadh mar dhuine aonair mar bhall de theaghlach agus mar bhall de phobail áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus dhomhanda
- tuiscint agus cásmhaireacht a chothú i dtaca le comhspleáchas iomlán gach daonnaí, gach dúile beo agus an domhain ina maireann siad
- aireachtáil a chothú sa pháiste go bhfuil sé/sí freagrach as cúram fadtéarmach an imshaoil maille le rún úsáid inbhuanaithe acmhainní an domhain a chur chun cinn trína stíl mhaireachtála phearsanta agus trí bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht chomhchoitianta mar gheall ar an imshaol
- dearcadh daonnachtúil freagrach a chothú maille le léirthuiscint ar an domhan de réir creideamh agus luachanna.

Stair: tuiscint d'am

Is é atá sa stair ná léirmhíniú ar ghníomhaíochtaí daoine san am atá thart a gceaptar tábhacht a bheith leo, chomh maith leis an bpróiseas trína ndéantar iad a roghnú agus a imscrúdú agus trína ndéantar anailísiú ar na gníomhaíochtaí sin. Ní hé atá sa stair scéal an ama atá imithe ach an iarracht a dhéanaimid na gnéithe den am atá imithe a bhfuil spéis againn iontu a chur le chéile arís agus a léirmhíniú.

Tugann an stair eolas do pháistí ar rudaí a tharla do dhaoine san am atá thart ag leibhéal an teaghlaigh agus ag leibhéil áitiúla, náisiúnta, agus idirnáisiúnta. Tagann páistí, chomh maith, mar a fheileann dá n-aois, ar thuiscint d'am agus do chróineolaíocht, d'athrú agus do leanúnachas, do chúis agus d'iarmhairt. Sealbhaíonn siad scileanna a bhíonn feiliúnach dá leibhéil forbartha a chuireann ar a gcumas fianaise a léirmhíniú ar bhealach criticiúil.

Tagann ionbhá le daoine eile ó théamaí agus ó thopaicí staire mar aon le tuiscint níos doimhne ar imoibrithe sóisialta, polaitiúla, agus eacnamaíocha, san am atá thart agus sa lá atá inniu ann.

An curaclam staire

Nádúr na staire i gcuraclam páistelárnach

Tá tuiscint leathan chothrom ar an stair ag teastáil ón bpáiste má tá sé/sí le fás suas ina (h)aosach muiníneach eolach criticiúil freagrach sa tsochaí. Freagraíonn oideachas cothrom dá leithéid sin do nádúr na staire féin: sa chéad áit, baineann sé le heolas agus le léirmhíniú saol daoine san am atá thart, agus sa dara háit, cuireann sé ar chumas páistí taithí éigin a fháil ar an gcaoi a dtéann staraithe i mbun a gcuid oibre.

Tríd an am atá thart a fhiosrú ar an gcaoi sin, is féidir le páistí eolas agus coincheapa a shealbhú agus san am céanna scileanna tábhachtacha agus dearcadh tábhachtach a fhorbairt atá feiliúnach dá leibhéil forbartha féin. Ar an gcaoi sin, féadfaidh an stair sa bhunscoil cur go mór, ar a bealach bunúsach sainiúil féin, le forbairt chomhchuí an pháiste mar chuid d'oideachas fíor-pháistelárnach.

Saol daoine san am atá thart

Baineann an stair leis an gcaoi a léirmhínímid idir gníomhartha daoine san am atá thart agus an chaoi ar fhreagair fir, mná agus páistí do na himeachtaí sin agus an chaoi ar mhair siad tríothu. Trí shaol daoine san am atá thart a *iniúchadh,* go háirithe cúiseanna agus iarmhairtí a gcuid gníomhartha, cuireann an páiste eolas ar mheon daoine, ar na cúiseanna a bhíonn acu le rudaí a dhéanamh, ar a gcreideamh agus ar a

mothúcháin. Maidir le cúrsaí ó lá go lá, féadfaidh sé cabhrú leis an bpáiste tuiscint níos iomláine a fháil ar an saol ina maireann sé/sí—an chaoi ar mhúnlaigh imeachtaí agus pearsantachtaí an teaghlach, an timpeallacht agus na himshaoil leathana ina bhfuil sé/sí ag maireachtáil.

Ní hiad na daoine agus na himeachtaí áirithe céanna a mheastar i gcónaí a bheith tábhachtach ó thaobh na staire de: athraíonn siad, ag brath ar an staraí, ar an tsochaí, ar an tréimhse. Ach is fearr a thuigfidh páistí bunscoile gníomhartha daoine san am atá díreach imithe ná gníomhartha daoine i dtréimhsí i bhfad siar. Is mó a aireoidh na páistí go mbaineann fiosrú na staire leo má bhíonn sé ag freastal ar an ngá atá acu an timpeallacht is gaire dóibh a iniúchadh agus a thuiscint. Ar na hábhair sin cuireann curaclam na staire an-bhéim go deo ar staidéar a dhéanamh ar stair phearsanta agus ar stair áitiúil i ngach rang sa bhunscoil.

San am céanna féachann an curaclam chuige go ndéanfar gnéithe éagsúla den stair a iniúchadh ar chaoi a thabharfaidh eolas don pháiste ar na daoine, na grúpaí, na himeachtaí, na cultúir, na creidimh agus na luachanna a raibh tionchar acu ar shaol daoine san am atá thart agus a mhúnlaigh an saol atá againn in Éirinn an lae inniu, san Eoraip agus ar fud an domhain mhóir.

Staidéir áitiúla

Déanann an curaclam seo cúram faoi leith de go ndéanfaidh páistí staidéar ar stair phearsanta agus ar stair áitiúil. Féadfaidh páiste a c(h)éad tuairimí de choincheap an ama a shealbhú trí phlé simplí ar a stair féin agus stair a t(h)eaghlaigh. Má fhiosraíonn páistí na rudaí a d'athraigh agus na rudaí nár athraigh ina saol féin, i saol a dteaghlach agus i saol a gcairde, ina mbailte, agus sna timpeallachtaí is gaire dóibh, tosaíonn siad ag teacht ar an tuiscint go raibh tréimhsí eile ann a bhí éagsúil lena gceann féin. Cuirtear lena dtuiscint stairiúil nuair a thugann siad cuairt ar fhoirgnimh agus ar ghnéithe coitianta sa timpeallacht agus nuair a imscrúdaíonn siad iad sin agus saol na ndaoine a mhair iontu. De réir mar a bhíonn na páistí ag iniúchadh an tsaoil ina maireann siad, á thuiscint agus ag forbairt a dtuisceana d'am, bíonn sé ag dul i bhfeidhm orthu go bhfuil baint dhíreach ag staidéar ar an am atá thart leo féin. Féachtar chuige sa churaclam go ndéanfar stair phearsanta, stair theaghlaigh agus stair áitiúil a iniúchadh ag gach leibhéal, agus moltar gníomhaíochtaí praiticiúla simplí trínar féidir na gnéithe seo den staidéar áitiúil a chur i gcrích.

An stair náisiúnta agus idirnáisiúnta

Ach aghaidh a thabhairt ar ghnéithe den stair náisiúnta agus idirnáisiúnta, tagann páistí ar thuiscint níos fearr ar a dtír féin agus ar an

domhan mór. Ó am go chéile dhírigh an stair ar fhorbairtí polaitiúla agus ar bheathaí 'daoine cáiliúla', beathaí fear 'cáiliúil' ach go háirithe. Tá áit ag gnéithe áirithe den stair pholaitiúil in oideachas staire na bpáistí is sine sa bhunscoil, ach leagann an curaclam seo béim ar leith ar staidéar a dhéanamh ar ghnáthshaol na ndaoine sin a bhféadfaí 'gnáthdhaoine' a thabhairt orthu. Ba chóir go ndéanfadh páistí staidéar ar stair theaghlaigh agus stair shóisialta bhan, fhear agus pháistí san am atá thart mar aon lena gcuid gníomhaíochtaí teicniúla, eolaíocha, cultúrtha, ealaíonta agus siamsaíochta.

Ní féidir na staidéir seo a bheith uileghábhalach riamh, agus féachann an curaclam seo le saoirse a thabhairt do scoileanna agus do mhúinteoirí a bheith solúbtha chomh fada is a bhaineann le hábhar a roghnú, ach deimhin a dhéanamh de go gcuireann páistí eolas ar réimse leathan cothrom topaicí. Beidh sé tábhachtach, ach go háirithe, go mbeidh deiseanna ag na páistí fios a bheith acu faoi shaol daoine a raibh cúlraí sóisialta, cultúrtha, eitneacha agus creidimh dhifriúla acu in Éirinn, san Eoraip agus ar fud an domhain mhóir.

Ag obair mar staraí

Gné eile den stair atá bunúsach ná páirt a ghlacadh i bpróiseas an fhiosraithe stairiúil. Ar an ábhar sin, breathnaíonn an curaclam i ndiaidh raon forásach scileanna agus coincheapa staire a fhorbairt de réir mar a dhéanann na páistí staidéar ar shaol daoine san am atá thart. Baineann na scileanna agus na coincheapa seo le nádúr an fhiosraithe stairiúil agus déantar iad a rianú sna míreanna dar teideal *Ag obair mar staraí*.

Úsáideann an stair scileanna agus coincheapa a bhfuil baint acu le *ham, seicheamh, agus cróineolaíocht*. Níl ach tuiscint an-neamhiomlán ag páistí óga ar an gcoincheap ama a úsáideann daoine fásta le tréimhsí san am atá thart a mharcáil. Ach is féidir leo difríochtaí idir an saol anois agus an saol san am atá thart a thabhairt faoi deara agus ar an gcaoi sin tosú ar thuiscint d'am a fhorbairt. Sa churaclam moltar gníomhaíochtaí do naíonáin agus do ranganna sóisearacha trínar féidir tús a chur le forbairt thuiscint an pháiste d'am. Déantar sin trí ghnéithe den am atá díreach imithe a fhiosrú, ina gcás féin, i gcás a muintire, agus i gcás na háite ina bhfuil cónaí orthu.

Beidh tuiscint níos sofaisticiúla ag páistí don am atá thart de réir mar a éiríonn siad níos sine. Ar an gcaoi sin, beidh siad ag cur tús le coincheap an ama agus coincheap na cróineolaíochta a thuiscint agus a úsáid, samplaí d'athrú agus de leanúnachas a aithint agus de réir a chéile tuiscint do pheirspictíocht ó thaobh ama de a fhorbairt.

Braitheann an stair ar fad ar *fhianaise*. Ba chóir go gcuirfeadh an stair sa bhunscoil an páiste ag aimsiú réimse leathain foinsí a d'fhéadfadh a insint dúinn faoin am atá thart, agus iad a roghnú agus anailís a dhéanamh orthu. Ba chóir do pháistí níos sine teacht ar thuiscint do thábhacht fianaise den chineál sin, do na teorainneacha a bhaineann léi agus don ghá atá le déileáil léi go cothrom. Nuair a thuigfidh siad gur féidir bríonna éagsúla a bhaint as an bhfianaise ón am atá thart, tiocfaidh na páistí ar an tuiscint go mbíonn breithiúnais staire sealadach i gcónaí agus go mb'fhéidir go gcaithfí iad a athrú dá dtiocfadh fianaise nua chun cinn.

Bíonn níos mó ar bun ag staraithe seachas staidéar ar an am atá thart: úsáideann siad an fhianaise a bhíonn faighte acu leis an am atá thart a athchruthú, agus cuireann siad a n-insint nó a gcuntas féin ar fáil do dhaoine eile. Gnéithe bunúsacha den stair iad seo: cuntas a *shintéisiú* ó phíosaí éagsúla fianaise chun *athchruthú samhlaíochta* a dhéanamh den am atá thart agus é sin a *chur in iúl* do dhaoine eile. Féadann an páiste bunscoile páirt a ghlacadh sna gnéithe sin go héasca agus cuireann siad le forbairt scileanna níos leithne sna réimsí pearsanta sóisialta agus intleachtacha, ar bhealach an-tábhachtach.

Bíonn staidéar ar an am atá thart ag brath ar *mhothú ionbhá*: an cumas suímh a fheiceáil ó pheirspictíocht duine eile, agus cuidíonn an staidéar leis an gcumas sin a fhorbairt. Ciallaíonn sé sin foghlaim le tuiscint a fháil do, agus ar dhearcadh, luachanna, agus inspreagadh daoine eile chomh maith le tuiscint a fháil do, agus ar na comhthéacsanna stairiúla inar mhair siad. Tá mothú ionbhá riachtanach má tá an páiste lena d(h)earcadh féin agus dearcadh daoine eile a thabhairt faoi deara go criticiúil. Cuireann sé go mór le meas daoine ar a chéile a fhorbairt agus leis an nglacadh a bhíonn acu lena chéile.

Baineann an stair chomh maith *le tionchar an ama atá thart ar shaol an lae inniu.* Ba chóir go dtabharfadh an stair deis don pháiste an chaoi a raibh tionchar ag gníomhartha agus eispéiris daoine san am atá thart ar na glúine a tháinig ina dhiaidh sin a iniúchadh. Ach an timpeallacht atá thart ar na páistí a iniúchadh, tiocfaidh go leor samplaí chun solais den chaoi ar imir daoine san am atá thart tionchar ar ghnéithe de thimpeallacht ár linne féin, trí lonnaíocht, fheirmeoireacht agus thógáil, agus trí ghníomhaíochtaí eile. Ach ní bhaineann tionchar an ama atá thart leis an saol ábhartha fisiceach amháin. Féadfaidh an stair a léiriú mar ar mhúnlaigh eispéiris chultúrtha agus shóisialta go leor daoine éagsúla san am atá thart an mothú sainiúlachta atá againn—ar leibhéal pearsanta, mar bhaill teaghlaigh agus mar bhaill de phobail náisiúnta agus eile. Thar aon ní eile, b'fhéidir, féadfaidh an stair cabhrú leis an bpáiste tús a chur

le hiniúchadh ar an gcaoi a bhféadfadh an léirmhíniú a dhéanann daoine ar an am atá thart tionchar cumhachtach a bheith aige ar a ndearcadh, ar a gcreideamh agus ar a ngníomhartha sa lá atá inniu ann.

Stair agus an curaclam comhtháite

Stair agus réimsí eile laistigh den OSIE

San am céanna is a chuireann an stair le forbairt an pháiste ar a bealach sainiúil tábhachtach féin, comhlánaíonn sí forás fhoghlaim an pháiste sa tíreolaíocht agus san eolaíocht. Cuireann na trí cinn acu sin le hoideachas leathan an pháiste ó thaobh na sochaí agus an imshaoil de agus feicfear a rólanna comhlántacha in eagrú na foghlama. I rith na tréimhse bunscolaíochta ar fad, agus go háirithe sna blianta tosaigh, tarlóidh go leor d'fhoghlaim na staire, na tíreolaíochta agus na heolaíochta trí mheán na dtéamaí agus na dtopaicí comhtháite a úsáideann múinteoirí lena gcuid oibre a eagrú. Eascróidh cuid mhaith de na topaicí seo as an ngá a bheidh ag an bpáiste an timpeallacht atá thart air/uirthi féin agus thart ar an bpobal áitiúil a iniúchadh agus a thuiscint. Sa churaclam agus sna treorlínte a ghabhann leis déantar moltaí faoin gcaoi ar féidir dearcadh, scileanna agus coincheapa tábhachtacha stairiúla a fhorbairt de réir mar a dhéantar na topaicí a iniúchadh.

Teanga agus stair

Go bunúsach is trína húsáid go feidhmiúil a thagann forbairt ar chumas teanga agus is minic gur tríd an gcaint agus an scríobh a tharlaíonn an fhoghlaim is éifeachtaí. Ar an ábhar sin, is féidir le stair cur go mór le forbairt theanga an pháiste; braitheann fás a t(h)uisceana ar an stair agus sealbhú teanga aige/aici ar a chéile agus cuireann siad lena chéile. Ar fud an ráitis churaclaim agus ar fud na dtreoirlínte moltar deiseanna le haghaidh comhtháthaithe idir an stair agus ábhair léinn eile. Ach, i ngeall ar thionchar teanga a bheith chomh forleitheadach sin sa phróiseas teagaisc agus foghlama, ní bhactar le deiseanna le haghaidh comhtháthaithe idir stair agus teanga a rianú.

Is iomaí deis atá ann teanga agus tuiscint staire a fhorbairt céim ar chéim lena chéile. Is trí mheán teanga a thiocfaidh páistí ar chuid mhór den fhianaise faoin am atá thart; foinsí tábhachtacha iad cuntais bhéil agus scéalta ag gach leibhéal den churaclam staire, agus de réir mar a éiríonn páistí níos sine beidh siad ag scrúdú réimse níos leithne agus níos leithne fós d'fhoinsí scríofa. Chomh maith leis sin, úsáidfidh páistí an teanga labhartha agus an teanga scríofa le cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochta daoine san am atá thart, le hiad a phlé agus le hiad a léirmhíniú. De réir mar a rachaidh siad i dtaithí ar fhianaise béil agus ar

fhianaise scríofa a scrúdú go criticiúil tuisceanach tiocfaidh páistí ar thuiscint níos grinne ar mhiondifríochtaí teanga agus ar na bríonna éagsúla a ghabhann leo.

Gné riachtanach d'obair an staraí is ea a m(h)íniú féin ar an am atá thart a chur in iúl do dhaoine eile, agus is ar an ábhar sin a cuireadh 'cur in iúl' san áireamh sa churaclam mar scil de chuid na staire. Moltar sa churaclam go n-úsáidfeadh páistí raon de mhodhanna éagsúla le haghaidh cur in iúl, agus cabhróidh go leor acu seo, mar shampla athinsint ó bhéal, drámaíocht, cuntais scríofa, leathanaigh ghréasáin ar an idirlíon agus feidhmeanna eile ríomhaireachta le forbairt scileanna sa teanga labhartha, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht. Sa chaoi sin, cuirfidh an stair deiseanna maithe ar fáil le teanga na bpáistí a shaibhriú agus a leathnú.

Tá teanga dá cuid féin ag an stair. Casfar téarmaí a bhaineann le cróineolaíocht (focail mar 'fadó', 'ré', 'tréimhse') ar na páistí agus tiocfaidh siad ar fhocail choitianta a mbeidh brí eile ar fad acu i gcomhthéacs staire (mar shampla 'riail', 'líne', 'scoil'). Mar sin nuair a bhíonn an curaclam staire á phleanáil agus á chur i bhfeidhm is ceart a mheabhrú i gcónaí gur cuid dhílis den phróiseas teagaisc agus foghlama í teanga.

Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Cuireann an stair go leor deiseanna ar fáil le scileanna a fhorbairt i réimse theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide (TEC) agus moltar sa churaclam úsáid a bhaint as TEC chun tuiscint agus scileanna staire an pháiste a fhorbairt. Tá go leor clár ilmheánach ríomhaireachta ann a léiríonn foirgnimh, áiteanna agus ócáidí sa chuma ina raibh siad san am atá thart agus a thugann deis do pháistí gnéithe de shaol daoine i dtréimhsí éagsúla a eispéiriú. Cuireann meáin leictreonacha mar dhlúthdhioscaí agus an t-idirlíon ar chumas páistí raon mór d'fhoinsí ar scannán, d'fhoinsí i bpictiúir agus d'fhoinsí eile a rochtain, foinsí ar féidir iad a úsáid chun cur go mór le tuiscint na bpáistí ar an stair. Go deimhin, de réir mar a leathnóidh úsáid theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide beidh tábhacht eolais stóráilte mar fhoinse fhianaise phríomha ag fás agus ag fás, agus bainfear leas as mar chabhair do pháistí agus d'aosaigh chun tátail a bhaint faoin am atá thart.

Chomh maith leis sin cabhraíonn TEC le páistí a gcuid fionnachtana féin sa stair a chur i láthair: is féidir eolas a bhabhtáil le daoine eile agus beifear in ann cuntais scríofa, cluaschuntais agus cuntais físe a chruthú agus eagrú a dhéanamh orthu go héasca. Chomh maith leis sin féadfar cuntais pháistí faoin am atá thart a chur ar fáil go réidh do dhaoine eile sa scoil agus do dhaoine eile fós ar fud na hÉireann agus i gcéin.

Measúnú

Amhail mar is fíor sna réimsí eile den churaclam, is cuid dhílis de mhúineadh is d'fhoghlaim na staire an measúnú. Sa roinn faoi mheasúnú rianaítear mar is féidir raon teicníochtaí measúnaithe, idir theicníochtaí neamhfhoirmiúla agus theicníochtaí níos foirmiúla, a úsáid chun taithí foghlama an pháiste a shaibhriú agus chun eolas úsáideach a chur ar fáil do pháistí, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine eile.

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an churaclaim staire ná

- suim san am atá thart agus fiosracht faoi a fhorbairt
- fios a bheith ag an bpáiste faoi shaol ban, fear agus páistí san am atá thart agus faoin gcaoi ar imir daoine agus imeachtaí tionchar ar a chéile
- tuiscint ar choincheapa an athraithe agus an leanúnachais a fhorbairt
- soláthar a dhéanamh do shealbhú na gcoincheap agus na scileanna a bhaineann le seicheamh, le ham agus le cróineolaíocht, de réir mar a oireann do staid fhorásach an pháiste
- cur ar chumas an pháiste teacht ar réimse fianaise stairiúla agus í a úsáid go córasach agus go criticiúil
- deiseanna a chur ar fáil don pháiste chun torthaí a c(h)uid fionnachtana sa stair maille lena léirmhíniú ar na torthaí sin a chur in iúl do dhaoine eile ar bhealaí éagsúla
- íogaireacht a chothú i leith thionchar an chaomhnaithe agus an athraithe sa timpeallacht áitiúil agus i dtimpeallachtaí níos leithne ná sin
- cabhrú leis an bpáiste tionchar an ama atá thart ar dhearcadh agus ar iompar daoine sa lá tá inniu ann a aithint agus a scrúdú
- toilteanas a chothú chomh fada is a bhaineann le dearcadh agus luachanna pearsanta a iniúchadh mar aon le hoscailteacht don fhéidearthacht go bhféadfadh duine a leagan amach féin a athrú
- an páiste a spreagadh lena aithint conas mar a d'fhéadfadh gníomhartha, imeachtaí agus ábhair an ama atá thart agus an lae inniu éirí tábhachtach ó thaobh na staire de
- cur ar chumas an pháiste léirthuiscint chothrom a fháil ar an oidhreacht chultúrtha agus staire a thagann ón gcomhthéacs áitiúil, náisiúnta agus domhanda.

Cuspóirí leathana

Nuair a chuirtear na cumais atá ann/inti ó dhúchas agus tosca éagsúla a bhaineann leis/léi san áireamh, ba chóir go gcuirfeadh an curaclam staire ar chumas an pháiste

- staidéar a dhéanamh ar raon daoine agus imeachtaí san am atá thart chun tuiscint chothrom a fhorbairt ar stair theaghlaigh, stair áitiúil, stair náisiúnta agus stair dhomhanda
- foghlaim faoi na daoine, na himeachtaí, na saincheisteanna agus na heispéiris chultúrtha a chuidigh leis an bpobal agus leis an timpeallacht áitiúil a mhúnlú
- tuiscint ar an gcróineolaíocht a fhorbairt chun daoine, imeachtaí agus topaicí a ndearnadh staidéar orthu a shuíomh i seicheamh ginearálta staire
- tuiscint éigin a shealbhú ar athrú agus ar leanúnachas, chomh maith le heolas ar dhálaí ba chúis le hathrú a thabhairt chun cinn nó a bhac, agus a thuiscint go bhféadfadh roinnt cúiseanna a bheith le himeachtaí agus roinnt torthaí a bheith orthu
- réimse d'fhianaise staire a scrúdú agus a úsáid go córasach agus go criticiúil agus teacht ar léirthuiscint gur féidir fianaise a léirmhíniú ar bhealaí éagsúla
- samhlaíocht agus fianaise a úsáid chun gnéithe den am atá thart a athchruthú
- tuiscint stairiúil a chur in iúl ar bhealaí éagsúla trí úsáid a bhaint as an bhfriotal feiliúnach agus teicníochtaí nó meáin eile
- léirthuiscint a fhorbairt ar pheirspictíochtaí agus inspreagadh daoine san am atá thart agus glacadh leis gur cheart daoine agus imeachtaí a thuiscint ina gcomhthéacs stairiúil
- a thuiscint go bhféadfadh dearcadh agus iompar daoine a bheith faoi thionchar na tuisceana atá acusan ar an am atá thart agus a gcuid eispéireas san am atá thart
- glacadh le héagsúlacht tuairimí go caoinfhulangach measúil agus dearcadh oscailte ceisteach a shealbhú i leith creideamh, luachanna agus inspreagtha daoine eile
- caoinfhulaingt i leith mionlach sa tsochaí a fhorbairt mar aon leis an tuiscint go bhfuil grúpaí éagsúla eitneacha, cultúrtha, reiligiúnda agus sóisialta tar éis cur le forás na hÉireann faoi mar atá sí anois ann
- mothú sainiúlachta ar bhonn pearsanta, áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus níos leithne a fhorbairt trí staidéar a dhéanamh ar stair agus oidhreacht chultúrtha an phobail áitiúil agus pobal eile
- mothú freagrachta i leith chaomhnú na hoidhreachta a fhorbairt maille le fonn páirt a ghlacadh ann.

Ranganna naíonán

Foramharc

ranganna naíonán

Forbairt scileanna agus coincheap

Ag obair mar staraí	• Am agus cróineolaíocht • Fianaise a úsáid • Cur in iúl

Snáitheanna	*Snáithaonaid*
Mise agus mo mhuintir	• Mise • Mo mhuintir
Scéalaíocht	• Scéalta

Pleanáil

Struchtúr

Cuirtear ábhar an churaclaim staire do ranganna naíonán i láthair in dhá roinn:

- roinn scileanna a bhfuil an teideal *Ag obair mar staraí* uirthi ina ndéantar cur síos ar na scileanna staire ba chóir do pháistí a fhorbairt de réir mar a bhuaileann siad le topaicí staire
- roinnt *snáitheanna* a rianaíonn na tréimhsí agus na topaicí staire a d'fhéadfaí a chuimsiú sa chlár staire. Tugtar *snáithaonaid* ar na topaicí taobh istigh de gach *snáithe*. Tugtar eiseamláirí agus moltaí ar fud na ranna faoin ábhar agus cló iodálach orthu.

Is é atá i gceist leis an ábhar a chur i láthair in dhá roinn mar seo cabhrú le múinteoirí ina bpleanáil chun dearcadh agus scileanna tábhachtacha a fhorbairt de réir mar a shealbhaíonn na páistí eolas agus tuiscint ar thopaicí staire.

Snáitheanna do ranganna naíonán

Níl ach dhá shnáithe san ábhar staire do ranganna naíonán:

- *Mise agus mo mhuintir*, trína dtosóidh an páiste ar ghnéithe den am atá díreach thart ina c(h)ás féin agus i gcás a m(h)uintire a iniúchadh
- *Scéalaíocht*, ina mbuailfidh an páiste le gnéithe de shaol daoine éagsúla ón am atá thart.

Raon peirspictíochtaí

I gcás na scéalta agus na ngníomhaíochtaí eile a roghnaíonn an scoil agus an múinteoir, ba chóir

- go gcuirfidís saol ban, fear, agus páistí as raon de chúlraí sóisialta, cultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha i láthair na bpáistí
- go mbeadh staidéar i gceist leo ar réimse leathan de thaithí an duine (m.sh. réimsí eacnamaíocha, teicneolaíocha, eolaíocha, ealaíonta, sóisialta, cultúrtha, reiligiúnda, polaitiúla srl.)
- go dtiocfaidís as comhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Stair phearsanta agus stair áitiúil

Leagtar béim ar leith ar fhiosrú na staire pearsanta agus stair na muintire ag an leibhéal seo. Cuireann an cineál seo gníomhaíochta ar chumas an pháiste gnéithe den am atá thart a iniúchadh go mion ina c(h)ás féin, i gcás a m(h)uintire, i gcás a p(h)obail agus i gcás na háite ina bhfuil cónaí air/uirthi. Ar an gcaoi sin, baineann iniúchadh an ama atá thart go dlúth leis an bpáiste féin agus cuirtear deiseanna tábhachtacha ar fáil chun réimse leathan fianaise a scrúdú.

Cuireann iniúchadh na staire pearsanta agus stair na muintire deiseanna an-mhaithe ar fáil chun tuiscint stairiúil a fhorbairt, ach níor mhór plé le gnéithe áirithe de na topaicí sin go fíorchúramach. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur mhaith le scoil staidéar ar mhuintir dhuine a bhfuil aithne ag na páistí air/uirthi a chur in áit na n-aonad ar stair a muintire féin.

Nascadh agus comhtháthú

D'fhéadfaí go leor den obair a mholtar sa churaclam a dhéanamh trí mheán na dtéamaí nó na dtopaicí comhtháite a úsáidtear go minic chun an fhoghlaim i ranganna na naíonán a eagrú. Mar shampla, d'fhéadfaí na cuspóirí atá i gceist sna snáithaonaid 'Mise' agus 'Mo mhuintir' a bhaint amach nuair a bhíonn na páistí ag iniúchadh na dtéamaí sin sa churaclam oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte (OSPS) nó san oideachas reiligiúnach. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh go leor de na scéalta a insítear sna ceachtanna teanga nó ag am scéalaíochta deiseanna ar fáil le scileanna simplí staire a fhorbairt, mar shampla plé a dhéanamh ar sheicheamh agus scéalta a athinsint ó bhéal nó iad a léiriú trí dhrámaíocht nó trí shaothar ealaíne. Féadfar teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid chomh maith chun scéalta a insint agus a thaifeadadh agus chun saol daoine san am atá thart a iniúchadh.

Taobh istigh de na ranna faoi ábhar, déantar moltaí sna nótaí atá faoi bhun na snáithaonad maidir le cásanna inar féidir *nascadh* (comhtháthú taobh istigh de churaclam na staire) agus *comhtháthú* (ceangail thraschuraclaim) a dhéanamh.

Forbairt scileanna agus coincheap do ranganna naíonán

Ag obair mar staraí

De thoradh snáithaonaid an churaclaim staire a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Am agus cróineolaíocht

- bheith feasach ar sheicheamh imeachtaí i scéalta simplí faoin am atá thart agus é a phlé
- seicheamh imeachtaí ina stair féin nó i stair a m(h)uintire agus i scéalta a chlárú agus úsáid á baint as línte ama simplí

  roinnt grianghraf nó nithe pearsanta eile a chur in ord cróineolaíoch

Fianaise a úsáid

- déileáil le fianaise shimplí staire

  grianghraif de chuid an tí, na héadaí a chaith sé/sí nuair a bhí sé/sí níos óige, foirgnimh

Cur in iúl

- eolas ar scéalta ón am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla

  éisteacht le scéalta agus iad a athinsint, drámaíocht, obair ealaíne

  teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide.

Snáithe: Mise agus mo mhuintir

Snáithaonad Mise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- imeachtaí agus dátaí tábhachtacha pearsanta a iniúchadh agus a chlárú

  m'aois

  an uair a rugadh mé

  an uair a thosaigh mé ag siúl

  mé ag fás suas

  mo chéad lá ar scoil

  áiteanna a raibh cónaí orm
- fianaise shimplí a bhailiú agus a iniúchadh

  grianghraif de/di féin nuair a bhí sé/sí níos óige, na chéad bhréagáin
- grianghraif, éadaí nó bréagáin a úsáideadh ag aoiseanna éagsúla a chur i gcomparáid le chéile agus nóta a dhéanamh d'fhorbairt agus de rudaí atá tar éis fanacht mar a bhí.

Comhtháthú

Eolaíocht: Dúile beo—Mise

OSPS: Mise—Fás agus athrú

Snáithaonad Mo mhuintir *nó* Muintir duine a bhfuil aithne agam air/uirthi

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a bheith aige nó aici ar bhaill a m(h)uintire agus a bheith in ann iad a aithint
- aoiseanna a chur i gcomparáid: sean/níos sine, óg/níos óige
- fianaise shimplí a bhailiú

  grianghraif de bhaill na muintire
- an chaoi a dtugann baill na muintire aire dá chéile a iniúchadh agus a phlé
- forbairtí i saol na muintire agus na rudaí atá tar éis fanacht mar a bhí a phlé

  cónaí sa teach céanna

  carr nua a fháil

  crainn ag fás sa ghairdín.

Comhtháthú

OSPS: Mise agus daoine eile—Mise agus mo mhuintir

Snáithe: Scéalaíocht

Snáithaonad Scéalta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht le roinnt scéalta as saol daoine a chuir leis an saol áitiúil nó leis an saol náisiúnta agus le saol daoine i dtíortha eile ar bhealaí éagsúla agus na scéalta sin a phlé agus a athinsint agus clárú a dhéanamh orthu agus úsáid á baint as pictiúir agus gníomhaíochtaí simplí scríbhneoireachta eile
- eolas a chur ar shaol ban, fear agus páistí ó chúlraí éagsúla sóisialta, cultúrtha, eitneacha, agus creidimh, saol 'gnáthdhaoine' san áireamh, chomh maith le saol daoine 'níos cáiliúla'
- éisteacht le daoine de chuid na háite ag insint scéalta faoin am atá thart
- cróineolaíocht imeachtaí i scéal a phlé (an tús, an lár, an deireadh)
- scéalta a léiriú nó a thaifeadadh trí obair ealaíne, dhrámaíocht, cheol, mhím nó ghluaiseacht agus leas a bhaint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide
- pictiúir a thaispeáint i líne scéalaíochta agus na himeachtaí á léiriú in ord seichimh.

Comhtháthú

Ceol: Éisteacht agus freagairt; Léiriú

Na hamharcealaíona: Tá go leor scéalta a d'fhéadfadh obair ealaíne a spreagadh.

Drámaíocht: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh le teacht ar thuiscint

Ábhar do ranganna naíonán

Ranganna 1 agus 2

Foramharc

ranganna 1 agus 2

Forbairt scileanna agus coincheap

Ag obair mar staraí	• Am agus cróineolaíocht • Athrú agus leanúnachas • Cúis agus iarmhairt • Fianaise a úsáid • Sintéisiú agus cur in iúl • Ionbhá

Snáitheanna	*Snáithaonaid*
Mise agus mo mhuintir	• Mise • Mo mhuintir • Nuair a bhí mo sheanaithreacha/ sheanmháithreacha óg • Cluichí san am atá thart • Féastaí agus féilte san am atá thart
Athrú agus leanúnachas	• Leanúnachas agus athrú sa gharthimpeallacht
Scéalaíocht	• Scéalta

Pleanáil

Struchtúr

Cuirtear ábhar an churaclaim staire do ranganna 1 agus 2 i láthair in dhá roinn:

- roinn *scileanna* a bhfuil an teideal *Ag obair mar staraí* uirthi ina ndéantar cur síos ar na scileanna staire ba chóir do pháistí a fhorbairt de réir mar a bhuaileann siad le topaicí staire
- roinn *snáitheanna* a rianaíonn na tréimhsí agus na topaicí staire a d'fhéadfaí a chuimsiú sa chlár staire. Tugtar *snáithaonaid* ar na topaicí taobh istigh de gach snáithe. Tugtar eiseamláirí agus moltaí tríd síos sna ranna faoin ábhar agus cló iodálach orthu.

Is é atá i gceist leis an ábhar a chur i láthair in dhá roinn mar seo ná cabhrú le múinteoirí ina bpleanáil chun dearcadh agus scileanna tábhachtacha a fhorbairt de réir mar a shealbhaíonn na páistí eolas agus tuiscint ar thopaicí staire.

Snáitheanna do ranganna 1 agus 2

Níl ach trí shnáithe san ábhar staire do ranganna 1 agus 2:

- *Mise agus mo mhuintir,* a spreagann an páiste lena a t(h)aithí féin san am atá thart agus taithí chiorcal níos leithne a mhuintire a iniúchadh
- *Athrú agus leanúnachas*, a thugann ar an bpáiste rudaí ón am atá thart sa gharthimpeallacht a iniúchadh
- *Scéalaíocht*, ina mbuailfidh an páiste le gnéithe de shaol daoine éagsúla ón am atá thart.

Raon peirspictíochtaí

I gcás na scéalta agus na ngníomhaíochtaí eile a roghnaíonn an scoil agus an múinteoir, ba chóir

- go gcuirfidís saol ban, fear agus páistí as raon de chúlraí sóisialta, cultúrtha, eitneacha agus creidimh i láthair na bpáistí
- go mbeadh staidéar i gceist leo ar réimse leathan de thaithí an duine (m.sh. réimsí eacnamaíocha, teicneolaíocha, eolaíocha, ealaíonta, sóisialta, cultúrtha, reiligiúnda, polaitiúla, srl.)
- go dtiocfaidís as comhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Stair áitiúil agus stair phearsanta

Leagtar béim ar leith ar fhiosrú na staire pearsanta agus stair na muintire ag an leibhéal seo. Cuireann an cineál seo gníomhaíochta ar chumas an pháiste gnéithe den am atá thart a iniúchadh go mion ina c(h)ás féin, i gcás a m(h)uintire, a p(h)obail agus na háite ina bhfuil cónaí air nó uirthi. Ar an gcaoi sin, baineann iniúchadh an ama atá thart go dlúth leis an bpáiste féin, agus cuirtear deiseanna tábhachtacha ar fáil chun réimse leathan fianaise a scrúdú.

Cuireann iniúchadh na staire pearsanta agus stair na muintire deiseanna an-mhaithe ar fáil chun tuiscint stairiúil a fhorbairt, ach níor mhór plé le gnéithe áirithe de na topaicí sin go fíorchúramach. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur mhaith le scoil staidéar ar mhuintir duine a bhfuil aithne ag na páistí air/uirthi a chur in áit na n-aonad ar stair a muintire féin.

Nascadh agus comhtháthú

D'fhéadfaí go leor den obair a mholtar sa churaclam a dhéanamh trí mheán na dtéamaí nó na dtopaicí comhtháite a úsáidtear go minic chun an fhoghlaim i ranganna 1 agus 2 a eagrú. Mar shampla, d'fhéadfaí na cuspóirí atá i gceist sna snáithaonaid 'Mise' agus 'Mo mhuintir' a bhaint amach nuair a bheadh na páistí ag iniúchadh na dtéamaí sin in OSPS nó san oideachas reiligiúnach. Ar an gcaoi chéanna, cuirfidh go leor de na scéalta a insítear sna ceachtanna teanga nó ag am scéalaíochta deiseanna ar fáil le scileanna simplí staire a fhorbairt, mar shampla plé a dhéanamh ar sheicheamh nó scéalta a athinsint ó bhéal nó iad a léiriú trí dhrámaíocht nó trí shaothar ealaíne. Féadfar teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid chomh maith chun scéalta a insint agus a thaifeadadh agus chun saol daoine san am atá thart a iniúchadh.

Taobh istigh de na ranna faoi ábhar, déantar moltaí sna nótaí atá faoi bhun na snáithaonad maidir le cásanna inar féidir *nascadh* (comhtháthú taobh istigh de churaclam na staire) agus *comhtháthú* (ceangail thraschuraclaim) a dhéanamh.

Forbairt scileanna agus coincheap do ranganna 1 agus 2

Ag obair mar staraí

De thoradh snáithaonaid churaclam na staire a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Am agus cróineolaíocht

- tosú ar an difear idir an am atá thart, an am i láthair agus an am atá le teacht a aithint
- tosú ag forbairt tuisceana ar an gcróineolaíocht trí sheichimh shimplí a iniúchadh agus a chlárú agus trí earraí agus phictiúir a chur in ord stairiúil

Athrú agus leanúnachas

- samplaí d'athrú agus de leanúnachas a fhiosrú, go háirithe sa saol pearsanta, agus i stair na muintire agus na háite

  gnéithe i dteach, i dteaghlach agus i ngarthimpeallacht an pháiste a d'athraigh nó a d'fhan mar a bhí

Cúis agus iarmhairt

- na cúiseanna ar tharla imeachtaí áirithe agus roinnt de na torthaí a bhí orthu a phlé

  gníomhartha pearsan i scéal

Fianaise a úsáid

- Raon d'fhianaise shimplí stairiúil a fhiosrú

  grianghraif, earraí, cuimhní daoine níos sine, foirgnimh, scéalta agus amhráin
- tosú ar chuntais fhicseanacha i scéalta, miotais nó finscéalta agus cuntais ar dhaoine agus imeachtaí réadúla san am atá thart a idirdhealú

Sintéisiú agus cur in iúl

- eolas ar scéalta, ar dhaoine agus ar imeachtaí ón am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla

  scríbhneoireacht, drámaíocht, meáin eile, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Ionbhá

- mothúcháin pearsan i scéalta ón am atá thart a shamhlú agus a phlé.

Snáithe: Mise agus mo mhuintir

Snáithaonad Mise

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- imeachtaí agus dátaí tábhachtacha pearsanta a iniúchadh agus a chlárú
  - *laethanta breithe*
  - *mar a d'athraigh mé de réir mar a d'fhás mé suas*
  - *mo chéad chuairteanna ar laethanta saoire*
  - *nuair a rugadh mo dhearthár nó mo dheirfiúr*
  - *nuair a bhogamar teach cónaithe*
  - *nuair a fuaireamar carbhán nó leantóir nua*
  - *mo chéad lá ar scoil nó sa rang seo*
- míreanna simplí fianaise ón am atá thart ina s(h)aol féin a bhailiú, a phlé, agus a chur i gcomparáid
  - *grianghraif díom féin nó de mo theach*
  - *baill éadaigh, bréagáin*
  - *mo chéad leabhar léitheoireachta nó mo chéad chóipleabhar*
- líne ama shimplí nó líne shimplí scéalaíochta a chur le chéile.

Comhtháthú

Eolaíocht: Dúile beo—Mise

OSPS: Mise—Fás agus athrú

Snáithaonad Mo mhuintir *nó* muintir duine a bhfuil aithne agam air/uirthi

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnéithe, ócáidí agus dátaí tábhachtacha i saol an teaghlaigh agus na muintire san am atá thart a fhiosrú agus a thaifeadadh
- aoiseanna bhaill na muintire a chur i gcomparáid:
  - *sean/níos sine, óg/níos óige*
- ócáidí nó imeachtaí tábhachtacha i saol an teaghlaigh a phlé agus a thaifeadadh
  - *breitheanna, bogadh tí, laethanta saoire*
- raon d'fhianaise shimplí a bhailiú, a iniúchadh agus a phlé, ag déanamh nóta d'athruithe, de chora nua sa saol, agus de rudaí a d'fhan mar a bhí
  - *grianghraif de bhaill na muintire agus d'ócáidí*
  - *cuimhneacháin bheaga shimplí*
  - *rudaí a d'úsáid tuismitheoir(í) nó caomhnóir(í) i rith a (n-)óige*
- craobh shimplí ghinealaigh, leabhar gearrthóg nó líne ama a chur i dtoll a chéile.

Comhtháthú

OSPS: Mise agus daoine eile—Mise agus mo mhuintir

Snáithaonad Nuair a bhí mo sheanaithreacha/sheanmháithreacha óg

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnéithe de shaol daoine a bhí beo nuair a bhí a s(h)eanaithreacha/s(h)ean-mháithreacha óg a fhiosrú agus a thaifeadadh

  an áit a raibh cónaí ar na seantuistí, a dtithe cónaithe

  an obair a rinne siad, a gcuid éadaigh agus a gcuid bia

  cén chaoi a ndeachaigh siad ó áit go háit

  a gcluichí, a gcaitheamh aimsire, a mbréagáin

  a gcuid amhrán agus a gcuid damhsaí

- éisteacht le daoine fásta ag cur síos ar an saol atá caite acu féin
- fianaise shimplí a bhailiú ar scoil nó i músaem áitiúil nó í a scrúdú

  uirlisí agus trealamh tí

  roinnt uirlisí feirme

  pacáistí nó boscaí

  nuachtáin nó irisí

  bréagáin nó cluichí

  litreacha nó cártaí poist
- saol daoine san am atá thart a chur i gcomparáid le saol daoine sa lá atá inniu ann, ag déanamh nóta de na cosúlachtaí agus de na héagsúlachtaí
- amhráin agus damhsaí a fhoghlaim, nó cluichí de chuid na seanaimsire a imirt
- ábhar a chlárú ar líne ama chuí.

Snáithaonad Cluichí san am atá thart

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cluichí traidisiúnta neamhfhoirmiúla a fhiosrú agus a thaifeadadh, go háirithe cinn atá nó a bhí coitianta sa cheantar chomh maith leo sin a bhfuil eolas ag tuismitheoirí nó ag seanaithreacha/seanmháithreacha orthu

  cluichí sráide, cluichí áitiúla, cluichí tí, cluichí Oíche Shamhna, cluichí Lá Bealtaine, cluichí aimsir na Nollag

- eolas a bhailiú faoi rialacha, thraidisiúin, amhráin nó rainn a bhaineann leis na cluichí
- earraí a úsáideadh sna cluichí sin a láimhsiú, a bhailiú, nó a dhéanamh as an nua, de réir mar is féidir sin.

Comhtháthú

Corpoideachas: Cluichí

OSPS: Mise agus an domhan mór—Forbairt na saoránachta

Snáithaonad Féastaí agus féilte san am atá thart

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- an bunús agus na traidisiúin a bhaineann le roinnt féilte coitianta a fhiosrú agus a phlé

  an Nollaig, Oíche Shamhna

  féastaí agus féilte áitiúla a chomórann baill éagsúla de phobal na scoile

- éisteacht le scéalta, finscéalta, cluichí agus amhráin atá comhghaolmhar le chéile agus iad a phlé, a fhiosrú agus a thaifeadadh.

Comhtháthú

Corpoideachas: Damhsa

Ceol: Éisteacht agus freagairt; Léiriú

Snáithe: Athrú agus leanúnachas

Snáithaonad Leanúnachas agus athrú sa gharthimpeallacht

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- cuairt a thabhairt ar ghnéithe sa gharthimpeallacht a léiríonn leanúnachas agus athrú, iad a fhiosrú agus feasacht orthu a bhunú

  mo bhaile—an uair a tógadh é, an uair a athraíodh é agus cén fáth

  sráid-dhreach anois agus tráth

  foirgneamh áitiúil faoi leith (m.sh. teach, séipéal, scioból nó clós feirme, stáisiún traenach, scoil, caisleán, seanbhalla, gairdín eastáit, muileann)

  monarcha—a táirge fadó, a táirge anois
- éisteacht le cuimhní daoine níos sine faoi na háiteanna sin agus iad a thaifeadadh
- grianghraif, líníochtaí agus cuntais shimplí ar shuíomh faoi mar atá sé anois agus faoi mar a bhí sé san am atá thart a chur i gcomparáid
- treoracha simplí oibre, cártaí oibre agus bileoga loirg a úsáid
- torthaí na fionnachtana a thaifeadadh trí líníochtaí agus meáin ealaíne eile, trí mhúnlú nó ghrianghraif, theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide
- línte ama cuí a úsáid.

Snáithe: Scéalaíocht

Snáithaonad Scéalta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht le scéalta á n-insint go simplí as saol daoine a chuir leis an saol áitiúil nó leis an saol náisiúnta agus le saol daoine i dtíortha eile trí ghníomhaíochtaí teicneolaíocha, eolaíocha, cultúrtha agus ealaíonta, chomh maith le scéalta as saol daoine a chuir le himeachtaí sóisialta agus polaitiúla; na scéalta sin a phlé, a athinsint agus a thaifeadadh
- eolas a chur ar shaol ban, fear agus páistí ó chúlraí éagsúla sóisialta, cultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha, saol 'gnáthdhaoine' san áireamh, chomh maith le saol daoine 'níos cáiliúla'
- éisteacht le daoine as an áit ag insint scéalta faoin saol a chaith siad
- éisteacht le raon miotas agus finscéalta as cúlraí éagsúla cultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha in Éirinn agus i dtíortha eile, iad a phlé, a athinsint agus a thaifeadadh
- cuntais fhicseanacha i scéalta, miotais nó finscéalta agus cuntais ar dhaoine agus imeachtaí réadúla san am atá thart a idirdhealú
- cróineolaíocht imeachtaí i scéal a phlé (an tús, an lár, an deireadh)
- gníomhartha agus mothúcháin pearsan a phlé
- scéalta a léiriú nó a chlárú trí mheán scríbhneoireachta simplí, oibre ealaíne, drámaíochta, míme nó ghluaiseachta agus trí theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid
- pictiúir a thaispeáint i líne scéalaíochta agus na himeachtaí a léiriú in ord seichimh
- línte ama cuí a úsáid.

Comhtháthú

Ceol: Éisteacht agus freagairt; Léiriú

Na hamharcealaíona: Tá go leor scéalta ann a d'fhéadfadh obair ealaíne a spreagadh.

Drámaíocht: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh le teacht ar thuiscint

Ranganna 3 agus 4

Foramharc

ranganna 3 agus 4

Forbairt scileanna agus coincheap

Ag obair mar staraí

- Am agus cróineolaíocht
- Athrú agus leanúnachas
- Cúis agus iarmhairt
- Fianaise a úsáid
- Sintéisiú agus cur in iúl
- Ionbhá

Snáitheanna	*Snáithaonaid*
Staidéir áitiúla	• Mo mhuintir • Áitribh • Mo scoil • Cluichí agus caitheamh aimsire san am atá thart • Féastaí agus féilte san am atá thart • Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar • Mo cheantar trí na haoiseanna *Ba chóir dhá shnáithaonad a roghnú as an snáithe seo gach bliain.*
Scéalaíocht	• Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart • Miotais agus finscéalta *Ba chóir roinnt scéalta a iniúchadh gach bliain.*

Snáitheanna	*Snáithaonaid*	
Pobail agus sochaithe ársa	Staidéar a dhéanamh ar chuid acu seo: • Pobail na Clochaoise • Pobail na Cré-umhaoise • Sochaithe ársa Ghleann na Tígrise agus na hEofraite • Na hÉigiptigh • Na Gréagaigh • Na Rómhánaigh • Na Ceiltigh • Éire Luath-Chríostaí • Na Lochlannaigh	agus ar chuid acu seo: • Pobail Mheiriceá Láir agus Mheiriceá Theas *m.sh. na hAistéicigh* • Pobail na hÁise *m.sh. Pobail Ghleann na hIondúise, na hImpireachtaí Ch'in agus Han sa tSín* • Pobail na hAfraice *m.sh. Pobail Bheinin* • Pobail Mheiriceá Thuaidh *m.sh. Pobail Dhúchasacha Mheiriceá* • Pobail Astraláiseacha *m.sh. na Maoraigh* *Ba chóir dhá shnáithaonad a roghnú as an snáithe seo gach bliain.*
Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart	• An saol in Éirinn i rith thréimhse na Normannach • An saol sna bailte móra agus faoin tuath in Éirinn agus san Eoraip i rith na Meánaoise • An saol san ochtú haois déag	• An saol sa naoú haois déag • An saol le linn an Dara Cogadh Domhanda • An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith *Ba chóir dhá shnáithaonad a roghnú as an snáithe seo gach bliain.*
Leanúnachas agus athrú le himeacht ama	Ar na haonaid a d'fhéadfaí a chur san áireamh tá: • Bia agus feirmeoireacht • Éadaí • Áitribh agus tithe • Iompar	• Cumarsáid • Siopaí agus aontaí • Scoileanna agus oideachas • Cúram na n-easlán *Ba chóir dhá shnáithaonad a roghnú as an snáithe seo gach bliain.*

Pleanáil

Struchtúr

Cuirtear ábhar an churaclaim staire do ranganna 3 agus 4 i láthair in dhá roinn:

- roinn *scileanna* a bhfuil an teideal *Ag obair mar staraí* uirthi ina ndéantar cur síos ar na scileanna staire ba chóir do pháistí a fhorbairt de réir mar a bhuaileann siad le topaicí staire
- roinn *snáitheanna* a rianaíonn na tréimhsí agus na topaicí staire a d'fhéadfaí a chuimsiú sa chlár staire. Tugtar *snáithaonaid* ar na topaicí taobh istigh de gach snáithe. Tugtar eiseamláirí agus moltaí tríd síos sna rannóga faoin ábhar agus cló iodálach orthu.

Is é atá ar intinn leis an ábhar a chur i láthair in dhá roinn mar seo cabhrú le múinteoirí ina bpleanáil chun dearcadh agus scileanna tábhachtacha a fhorbairt de réir mar a shealbhaíonn na páistí eolas agus tuiscint ar thopaicí staire.

Snáitheanna do ranganna 3 agus 4

Leathnaítear go mór ar raon na snáitheanna ag an leibhéal seo. San áireamh tá:

- *Staidéir áitiúla*
- *Scéalaíocht*
- *Pobail agus sochaithe ársa*
- *Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart*
- *Leanúnachas agus athrú le himeacht ama.*

Tugann an raon aonad taobh istigh de na snáitheanna sin cuid mhaith saoirse do na scoileanna agus do na múinteoirí agus iad ag roghnú ábhair.

Cur chuige bíseach

Tá an curaclam bunaithe ar chur chuige bíseach. Fágann sin gur féidir gnéithe den am atá thart a scrúdú ar bhealach níos mine ag leibhéil éagsúla. I gcás cúig cinn de na snáitheanna, *Staidéir áitiúla, Scéalaíocht, Pobail agus sochaithe ársa, Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart* agus *Leanúnachas agus athrú le himeacht ama*, is beag nach ionann teidil na snáithaonad do ranganna 3 agus 4 (na meánranganna) agus do ranganna 5 agus 6 (na hardranganna). Ach ní hionann sin is a rá go múinfear na snáithaonaid sin ag an dá leibhéal. Is ar mhaithe le saoirse pleanála a chur ar fáil don scoil agus don rang atá sé amhlaidh.

Is sna meánranganna amháin a mhúinfear cuid de na haonaid; cuid eile, is sna hardranganna amháin a mhúinfear iad. D'fhéadfaí cuid eile fós a mhúineadh go tairbheach ag an dá leibhéal ach na sonraí, na coincheapa agus na modhanna fiosraithe agus láimhseála is casta a fhágáil do ranganna 5 agus 6. Níl sé i gceist gur treoracha dualgais iad na moltaí seo ná go mbeidís eisiach in aon slí.

Raon peirspictíochtaí

I gcás na n-aonad a roghnaíonn an scoil agus an múinteoir, ba chóir

- go gcuirfidís saol ban, fear agus páistí as raon de chúlraí sóisialta, cultúrtha, eitneacha, agus reiligiúnacha i láthair na bpáistí
- go mbeadh staidéar i gceist leo ar réimse leathan de thaithí an duine (m.sh. réimsí eacnamaíocha, teicneolaíocha, eolaíocha, ealaíonta, sóisialta, cultúrtha, reiligiúnda, polaitiúla, srl.)
- go dtiocfaidís as comhthéacsanna áitiúla, náisiúnta, agus idirnáisiúnta. Is aidhm thábhachtach í de chuid an chláir go bhfaigheadh na páistí tuiscint chothrom ar stair an teaghlaigh agus na muintire agus ar an stair áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Stair áitiúil agus stair phearsanta

Leagtar béim faoi leith ar fhiosrú na staire pearsanta agus stair na muintire ag an leibhéal seo. Cuireann an cineál seo gníomhaíochta ar chumas an pháiste gnéithe den am atá thart a iniúchadh go mion ina c(h)ás féin, i gcás a m(h)uintire, a p(h)obail agus na háite ina bhfuil cónaí air nó uirthi. Ar an gcaoi sin, baineann iniúchadh an ama atá thart go dlúth leis an bpáiste féin, agus cuirtear deiseanna tábhachtacha ar fáil chun réimse leathan fianaise a scrúdú.

Cuireann iniúchadh na staire pearsanta agus stair na muintire deiseanna an-mhaithe ar fáil chun tuiscint stairiúil a fhorbairt, ach níor mhór plé le gnéithe áirithe de na topaicí sin go fíorchúramach. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh gur mhaith le scoil staidéar ar mhuintir duine a bhfuil aithne ag na páistí air/uirthi a chur in áit na n-aonad ar stair a muintire féin.

Doimhneacht na láimhseála

Ba chóir cothromaíocht a lorg idir an gá atá ann ligean do pháistí foghlaim faoi réimse fairsing na staire náisiúnta agus stair an domhain agus an gá atá ann deiseanna a chur ar fáil dóibh tabhairt faoi dhianstaidéar ar thréimhsí níos giorra nó ar thopaicí níos teoranta sa stair áitiúil, sa stair náisiúnta agus i stair an domhain. Ar an ábhar sin, moltar go ndéanfaí staidéar níos doimhne agus ar feadh tréimhse níos faide, gach bliain, ar shnáithaonad amháin sa stair áitiúil agus ar shnáithaonad amháin sa stair náisiúnta nó domhanda.

Cróineolaíocht

Níor cheart cloí go docht le láimhseáil chróineolaíoch ar na snáithaonaid, mar chuirfeadh sé sin an iomarca de cheangal ar phleanáil an churaclaim. Mar shampla, b'fhéidir go socródh scoileanna a bhfuil láithreáin mhaithe Chlochaoise in aice leo go dtabharfadh na hardranganna faoi mhionstaidéar a dhéanamh ar na láithreáin sin. Chuirfeadh sé bac lena leithéid sin dá mba rud é gur cloíodh le cur chuige docht cróineolaíoch. Is féidir tuiscint an pháiste ar an gcróineolaíocht a chothú (rud a phléitear ar bhealach níos iomláine sna treoirlínte do mhúinteoirí a ghabhann leis seo) trí línte ama agus mhodhanna eile a úsáid.

Pleanáil

Ach pleanáil éifeachtach i gcomhair na staire a dhéanamh sa scoil, cinnteofar go bhfaighidh na páistí taithí ar churaclam leathan comhchothrom gan an iomarca athrá ná bearnaí móra ann. Tá comhairle faoi phlean scoile sa stair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le fáil sna treoirlínte.

Nascadh agus comhtháthú

Tá deiseanna ar fáil ag na leibhéil go léir sa churaclam staire chun úsáid a bhaint as cur chuige comhtháite. Taobh istigh de na ranna faoi ábhar, déantar moltaí sna nótaí atá faoi bhun na snáithaonad maidir le cásanna inar féidir *nascadh* (comhtháthú taobh istigh de churaclam na staire) agus *comhtháthú* (ceangail thraschuraclaim) a dhéanamh.

Pleanáil do ranganna 3 agus 4

Forbairt scileanna agus coincheap do ranganna 3 agus 4

Ag obair mar staraí

De thoradh snáithaonaid churaclam na staire a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Am agus cróineolaíocht

- an t-am atá thart, an t-am i láthair agus an t-am atá le teacht a idirdhealú
- tuiscint a fhorbairt ar am agus ar chróineolaíocht trí aoiseanna daoine, earraí agus imeachtaí a chur i gcomparáid
- eolas faoi dhaoine agus faoi imeachtaí san am atá thart a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as línte simplí ama
- coinbhinsiúin dátaithe a thuiscint agus a úsáid agus staidéar ar an am atá thart á dhéanamh, an lá, an mhí agus an bhliain san áireamh

  an bhliain a rugadh mé

  breith tuismitheoirí agus daoine muinteartha eile

  an bhliain a thosaigh mé ar scoil

  dátaí pearsanta eile san am atá díreach thart nó níos faide siar ná sin
- focail agus frásaí coitianta a bhfuil baint acu le cúrsaí ama a úsáid

  sean/nua, níos sine/níos nuaí,

  roimhe/ina dhiaidh, níos déanaí/níos

  luaithe, i bhfad ó shin, na cianta ó shin

Athrú agus leanúnachas

- tuiscint d'athrú agus do leanúnachas a fhorbairt trí na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair a iniúchadh

Cúis agus iarmhairt

- na cúiseanna a bhí le roinnt imeachtaí agus athruithe san am atá thart agus na hiarmhairtí a bhí orthu a phlé

Fianaise a úsáid

- raon níos leithne d'fhianaise staire a scrúdú agus a úsáid, go háirithe an méid a d'fhéadfaí a fháil go háitiúil nó a bhfuil baint aige le stair na háite

  grianghraif, pictiúir, earraí, cuimhní daoine níos sine, foirgnimh, scéalta agus amhráin, foinsí scríofa, scannáin, meáin eile, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide
- ceisteanna a chur faoi phíosa fianaise
- achoimre a dhéanamh ar an eolas atá in aon fhoinse fhianaise amháin agus tátail shimplí a bhaint as

Sintéisiú agus cur in iúl

- an fhianaise agus an tsamhlaíocht a úsáid chun gnéithe den am atá thart a athchruthú

  cluiche a d'imríodh na seanaithreacha/seanmháithreacha nuair a bhí siad óg

  comhrá idir bheirt phearsa stairiúla

  an chuma a bhí ar sheanráth

- an tuiscint sin ar an am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla

  an teanga labhartha, scríobh, drámaíocht, obair ealaíne, múnlú, meáin eile agus teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Ionbhá

- mothúcháin agus inspreagadh daoine san am atá thart a shamhlú agus a phlé.

Snáithe: Staidéir áitiúla

Snáithaonad Mo mhuintir

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnéithe de stair a m(h)uintire féin nó de stair mhuintire duine éigin ar a bhfuil aithne aige/aici a iniúchadh
  - *dátaí breithe deartháireacha agus deirfiúracha*
  - *dátaí breithe tuismitheoirí agus seanaithreacha/seanmháithreacha*
  - *saolré seanaithreacha/seanmháithreacha más féidir*
  - *ócáidí breithe agus báis agus imeachtaí eile teaghlaigh san am atá thart*
  - *an uair a tógadh mo theachsa nó an uair a tháinig mo mhuintir chun cónaithe anseo*
  - *dátaí tábhachtacha i saol na muintire (m.sh. an uair a thosaigh an t-athair, an mháthair nó gaol eile ag obair, an uair a d'athraigh sé/sí obair, an uair a d'fhág duine muinteartha an ceantar nó an tír)*
- athruithe agus samplaí de leanúnachas i saol na dtuismitheoirí agus na seanaithreacha/seanmháithreacha a scrúdú
  - *ó thaobh éadaí agus bia de*
  - *ó thaobh leabhar, cluichí agus caitheamh aimsire de*
  - *ó thaobh cumarsáide, bóithre agus iompair de*
  - *ó thaobh an imshaoil thógtha agus an imshaoil nádúrtha de*
- raon d'fhianaise shimplí staire a bhailiú agus a úsáid
  - *seanchas*
  - *grianghraif*
  - *cuimhneacháin teaghlaigh*
  - *sean-nuachtáin*
  - *leabhair thagartha*
- torthaí fionnachtana a chur i láthair, ag baint leasa as meáin éagsúla mar aon le línte ama cuí.

Comhtháthú

OSPS: Mise agus daoine eile—Mise agus mo mhuintir

Snáithaonad Áitribh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- na hathruithe atá tagtha ar a (h)áitreabh féin mar aon le háitribh eile sa cheantar a iniúchadh
  - *dearadh éagsúil na n-áitreabh agus an t-ábhar as ar rinneadh iad*
  - *cineálacha agus aoiseanna éagsúla, tithe, carbháin, árasáin, iostáin, leantóirí san áireamh*
  - *athruithe sa struchtúr*
  - *athruithe sna seirbhísí (m.sh. an uair a tháinig leictreachas chuig an áitreabh)*
  - *athruithe ó thaobh troscáin agus fearais de*
- rudaí a d'athraigh agus rudaí a d'fhan mar a bhí siad a phlé le seandaoine
- seandéantúsáin a bhailiú nó a phlé
- torthaí fionnachtana a chur i láthair, ag baint leasa as meáin éagsúla mar aon le línte ama cuí.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Imshaoil dhaonna—Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil

Snáithaonad Mo scoil

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- tógáil na bhfoirgneamh atá ann faoi láthair agus stair na bhfoirgneamh a bhí ann roimhe seo a iniúchadh
- eolas a chur ar scéal bhunaitheoir(í) na scoile
- iarracht a dhéanamh lá scoile san am atá thart a athchruthú, ag baint leasa as raon d'fhianaise shimplí
  - *cuimhní iardhaltaí*
  - *sean-téacsleabhair, cóipleabhair pheannaireachta agus pinn*
  - *grianghraif de pháistí*
  - *cuimhní na ndaoine, seanchas*
- troscán agus fearas na scoile mar aon le cruth an tseomra ranga san am atá thart a chur i gcomparáid leis an gcaoi a bhfuil cúrsaí sa lá atá inniu ann
- seanrollaí scoile agus taifid eile a scrúdú; sean-chóipleabhair pheannaireachta, más féidir
- tagairt a dhéanamh do línte ama cuí nó iad a úsáid.

Comhtháthú

OSPS: Mise agus an saol mór—Saoránacht á forbairt

Snáithaonad Cluichí agus caitheamh aimsire san am atá thart

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a chur ar roinnt cluichí agus caitheamh aimsire a mbaintí taitneamh astu sa cheantar
- cluichí agus caitheamh aimsire ar bhain tuismitheoirí agus seanaithreacha/ seanmháithreacha taitneamh astu san am atá thart a iniúchadh agus a phlé
- eolas éigin a fháil faoi chluichí agus chaitheamh aimsire ar bhain páistí i sochaithe ársa agus i dtíortha eile taitneamh astu.

Comhtháthú

Corpoideachas: Cluichí

OSPS: Mise agus an saol mór—Forbairt na saoránachta

Snáithaonad Féastaí agus féilte san am atá thart

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a chur ar an mbunús agus ar na traidisiúin a bhaineann le roinnt féilte coitianta in Éirinn agus i dtíortha eile

  féilte áitiúla

  féilte áitiúla a chomórann baill éagsúla den scoil agus den phobal áitiúil, féilte Críostaí, Hiondúcha, Giúdacha, Moslamacha agus eile san áireamh de réir mar a bhíonn feiliúnach

  féilte a bhfuil baint acu le saothrú na talún

  féilte a dhéantaí a cheiliúradh sa chianaimsir
- searmanais, scéalta, finscéalta, filíocht, ceol, damhsaí agus cluichí a bhaineann leis na féilte sin a iniúchadh, a phlé, agus a thaifeadadh.

Comhtháthú

Corpoideachas: Damhsa

OSPS: Mise agus an domhan mór—Forbairt na saoránachta

Ceol: Éisteacht agus freagairt; Léiriú

Snáithaonad Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnéithe den timpeallacht áitiúil a iniúchadh go gníomhach
  - *séipéal áitiúil*
  - *seanteach nó seantithe*
  - *clós feirme ar eastát*
  - *sráid (nó cuid de shráid)*
  - *droichead nó seanbhóthar*
  - *muileann*
  - *ospidéal*
  - *éadan siopa nó foirgneamh eile*
  - *caisleán nó túrtheach*
- gnéithe éagsúla de na láithreáin sin a imscrúdú
  - *bunú agus suíomh*
  - *a gcruth anois agus roimhe seo*
  - *an fáth ar tógadh iad*
  - *gnéithe atá tar éis athrú*
  - *gnéithe nár athraigh*
  - *cén chaoi ar airigh na daoine a bhí ina gcónaí, ag obair, ag adhradh Dé nó ag fáil bháis san áit sin*
  - *scéalta daoine a bhí ina gcónaí, ag obair, ag adhradh Dé nó a fuair bás san áit sin*
- torthaí fionnachtana a chur i láthair, ag baint leasa as meáin éagsúla agus línte ama cuí.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Imshaoil dhaonna—Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil

Snáithaonad Mo cheantar trí na haoiseanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- staidéar a dhéanamh ar thréimhse nó ar thréimhsí i stair an cheantair, an bhaile mhóir, cheantar na cathrach, an bhaile fhearainn, an pharóiste nó an chontae
- eolas a chur ar imeachtaí tábhachtacha i stair na háite, á gceangal sin leis an gcomhthéacs náisiúnta de réir mar a thagann sin i gceist; ar na himeachtaí a d'fhéadfaí a chur san áireamh tá:

    seanlonnaíochtaí i ráth nó i ndún

    uaigheanna ársa

    bunú sráidbhaile, baile mhóir, nó cathrach

    tógáil foirgneamh, droichead, faoi leith

    imeachtaí sa cheantar a bhí bainteach leis an nGorta Mór

    nósanna feirmeoireachta a d'athraigh

    oscailt nó dúnadh ospidéil nó monarchana áitiúla

- bailéid, scéalta agus traidisiúin de chuid na háite a bhfuil baint acu lena chéile a bhailiú.

Nascadh

A thabhairt faoi deara go bhféadfaí an t-aonad seo a úsáid in áit ceann de na haonaid a mholtar sa snáithe *Leanúnachas agus athrú le himeacht ama.*

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Imshaoil dhaonna—Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil

Snáithe: Scéalaíocht

Snáithaonad Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht le raon scéalta as saol daoine a chuir leis an saol áitiúil nó leis an saol náisiúnta agus le saol daoine i dtíortha eile trí ghníomhaíochtaí teicneolaíocha, eolaíocha, cultúrtha agus ealaíonta, chomh maith le scéalta as saol daoine a chuir le himeachtaí sóisialta agus polaitiúla; na scéalta sin a phlé, a athinsint agus a chlárú
- eolas a chur ar shaol ban, fear agus páistí ó chúlraí éagsúla sóisialta, cultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha, saol 'gnáthdhaoine' san áireamh, chomh maith le saol daoine atá 'níos cáiliúla'
- éisteacht le daoine as an áit ag insint scéalta faoin saol a chaith siad
- cróineolaíocht imeachtaí i scéal a phlé (an tús, an lár, an deireadh)
- píosaí simplí fianaise a bhfuil baint acu le hábhar a scrúdú agus tosú ar thátail a bhaint astu
- gníomhartha agus mothúcháin pearsan a phlé
- dearcadh agus inspreagadh pearsan a phlé
- scéalta a léiriú nó a thaifeadadh trí iad a insint nó a scríobh, nó trí obair ealaíne, trí dhrámaíocht, mhím nó ghluaiseacht
- línte ama cuí a úsáid.

Snáithaonad Miotais agus finscéalta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht le raon miotas agus finscéalta ó chúlraí éagsúla cultúrtha, eitneacha agus creidimh in Éirinn agus i dtíortha eile, iad a phlé, a athinsint, agus a thaifeadadh
- cróineolaíocht na n-imeachtaí sna scéalta a phlé
- gníomhartha agus mothúcháin na bpearsan a phlé
- cuntais fhicseanacha i scéalta, miotais agus finscéalta agus daoine agus imeachtaí réadúla san am atá thart a idirdhealú
- scéalta a léiriú nó a thaifeadadh trí iad a insint nó a scríobh nó trí obair ealaíne, dhrámaíocht, mhím nó ghluaiseacht agus úsáid a bhaint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide.

Comhtháthú

Ceol: Éisteacht agus freagairt; Léiriú

Na hamharcealaíona: Tá go leor scéalta ann a d'fhéadfadh obair ealaíne a spreagadh.

Drámaíocht: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh le teacht ar thuiscint

Snáithe: Pobail agus sochaithe ársa

Snáithaonaid *Cuid acu seo*

Pobail na Clochaoise

Pobail na Cré-umhaoise

Sochaithe luatha Ghleannta na Tígrise agus na hEofraite

Na hÉigiptigh

Na Gréagaigh

Na Rómhánaigh

Na Ceiltigh

Éire Luath-Chríostaí

Na Lochlannaigh

agus cuid acu seo

Pobail Mheiriceá Láir agus Theas
m.sh. Na hAistéicigh

Pobail na hÁise
m.sh. pobail Ghleann na hIondúise, na hImpireachtaí Ch'in agus Han sa tSín

Pobail na hAfraice
m.sh. Pobail Bheinin

Pobail Thuaisceart Mheiriceá
m.sh. Pobail Dhúchasacha Mheiriceá

Pobail na hAstraláise
m.sh. Na Maoraigh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a chur ar roinnt gnéithe de shaol na ndaoine seo
  - *cárbh as dóibh*
  - *a dtailte dúchais*
  - *a n-ionaid chónaithe*
  - *bia agus cócaireacht*
  - *éadaí*
  - *obair agus teicneolaíochtaí, airm*
  - *an méid ar éirigh leo a bhaint amach ó thaobh an chultúir agus na n-ealaíon de*
  - *miotais agus scéalta*
  - *creideamh*
  - *fóillíocht agus caitheamh aimsire*
  - *nósanna adhlactha*
  - *naisc a bhí acu le hÉirinn agus leis an Eoraip (mar a bhíonn feiliúnach)*
  - *teacht na bpobal seo go hÉirinn, iad ag cur fúthu anseo, a saol anseo (mar a bhíonn feiliúnach)*
- eolas a chur ar an bhfianaise atá againn a insíonn dúinn faoi na pobail seo, go háirithe fianaise atá ar fáil go háitiúil, agus an fhianaise sin a scrúdú
- ionad na bpobal seo a thaifeadadh ar línte ama cuí.

Snáithe: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

Snáithaonaid *Rogha as:*

An saol in Éirinn i rith thréimhse na Normannach

An saol sna bailte móra agus faoin tuath in Éirinn agus san Eoraip i rith na Meánaoise

An saol san ochtú haois déag

An saol sa naoú haois déag

An saol le linn an Dara Cogadh Domhanda

An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a chur ar roinnt gnéithe de shaol na ndaoine seo
  - *a n-ionaid chónaithe*
  - *éadaí*
  - *feirmeoireacht, bia agus cócaireacht*
  - *teicneolaíochtaí a d'fhorbair agus a d'úsáid daoine*
  - *daoine i mbun oibre*
  - *uirlisí agus airm*
  - *teanga(cha), cultúr, ealaín agus ceol*
  - *fóillíocht agus caitheamh aimsire*
  - *scéalta faoi dhaoine aonair a bhain leis an tréimhse seo*
- eolas a chur ar an bhfianaise atá againn a insíonn dúinn faoi na pobail seo, go háirithe fianaise atá ar fáil go háitiúil, agus an fhianaise sin a scrúdú
- ionad na bpobal seo a thaifeadadh ar línte ama cuí.

Snáithe: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama

Snáithaonaid *Ar na haonaid a d'fhéadfaí a chur san áireamh tá:*

Bia agus feirmeoireacht

Éadaí

Áitribh agus tithe

Iompar

Cumarsáid

Siopaí agus aontaí

Scoileanna agus oideachas

Cúram na n-easlán

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- staidéar a dhéanamh ar dhul chun cinn sóisialta, ealaíne, teicneolaíocha agus eolaíocha, thar thréimhsí fada
- rudaí a d'athraigh agus rudaí a d'fhan mar a bhí a aithint ar an 'líne fhorbartha'
- cuid de na cúiseanna ba bhun le hathrú nó a chuir le hathrú a chosc a aithint
- tagairt a dhéanamh do línte ama cuí nó iad a úsáid.

Ranganna 5 agus 6

Foramharc

ranganna 5 agus 6

Forbairt scileanna agus coincheap

Ag obair mar staraí

- Am agus cróineolaíocht
- Athrú agus leanúnachas
- Cúis agus iarmhairt
- Fianaise a úsáid
- Sintéisiú agus cur in iúl
- Ionbhá

Snáitheanna
Staidéir áitiúla

Snáithaonaid

- Áitribh
- Scoileanna
- Cluichí agus caitheamh aimsire san am atá thart
- Féastaí agus féilte san am atá thart
- Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
- Mo cheantar trí na haoiseanna

Ba chóir dhá shnáithaonad a roghnú as an snáithe seo gach bliain.

Scéalaíocht

- Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart
- Miotais agus finscéalta

Ba chóir roinnt scéalta a iniúchadh gach bliain.

Pobail agus sochaithe ársa

Staidéar a dhéanamh ar chuid acu seo:

- Pobail na Clochaoise
- Pobail na Cré-umhaoise
- Sochaithe ársa Ghleann na Tígrise agus na hEofraite
- Na hÉigiptigh
- Na Gréagaigh
- Na Rómhánaigh
- Na Ceiltigh
- Éire Luath-Chríostaí
- Na Lochlannaigh

agus ar chuid acu seo:

- Pobail Mheiriceá Láir agus Mheiriceá Theas
  m.sh. na hAistéicigh
- Pobail na hÁise
  m.sh. Pobail Ghleann na hIondúise, na hImpireachtaí Ch'in agus Han sa tSín
- Pobail na hAfraice
  m.sh. Pobail Bheinin
- Pobail Mheiriceá Thuaidh
  m.sh. Pobail Dhúchasacha Mheiriceá
- Pobail Astraláiseacha
  m.sh. na Maoraigh

Ba chóir dhá shnáithaonad a roghnú as an snáithe seo gach bliain.

Snáitheanna	*Snáithaonaid*	
Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart	• An saol in Éirinn i rith thréimhse na Normannach • An saol sna bailte móra agus faoin tuath in Éirinn agus san Eoraip i rith na Meánaoise • An saol san ochtú haois déag	• An saol sa naoú haois déag • Teanga agus cultúr in Éirinn ag deireadh na naoú haoise déag agus ag tús na fichiú haoise • An saol i rith an Dara Cogadh Domhanda • An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith
	Ba chóir snáithaonad amháin a roghnú as an snáithe seo gach bliain.	
Tréimhsí athraithe agus coimhlinte	• An Renaissance • An Reifirméisean • Trádálaithe, taiscéalaithe agus coilínigh ón Eoraip • An Gorta Mór • An Réabhlóid Thionsclaíoch	• An t-athrú in úinéireacht na talún in Éirinn sa naoú haois déag • An t-athrú i rólanna na mban sa naoú haois déag agus san fhichiú haois • An Chéad Chogadh Domhanda • Éire nua-aoiseach
	Ba chóir dhá shnáithaonad a roghnú as an snáithe seo gach bliain.	
Polaitíocht, coimhlint agus an tsochaí	• Éire sa séú agus sa seachtú haois déag • Réabhlóid agus athrú i Meiriceá, sa Fhrainc agus in Éirinn • Ó Conaill agus Saoirse na gCaitliceach	• 1916 agus bunú an stáit • Tuaisceart Éireann • Éire, an Eoraip agus an Domhan ó 1960 i leith
	Ba chóir dhá shnáithaonad a roghnú as an snáithe seo gach bliain.	
Leanúnachas agus athrú le himeacht ama	Ar na haonaid a d'fhéadfaí a chur san áireamh tá: • Áitribh, forbairtí tithíochta agus uirbeacha • Fánaíocht • Bia agus feirmeoireacht • Éadaí • Iompar • Cumarsáid • Fuinneamh agus cumhacht	• Ceardlanna agus monarchana • Scoileanna agus oideachas • Litríocht, ealaín, ceardaíocht agus cultúr • Cúram na n-easlán • Babhtáil, trádáil agus airgead
	Ba chóir dhá shnáithaonad a roghnú as an snáithe seo gach bliain.	

Pleanáil

Struchtúr

Cuirtear ábhar an churaclaim staire do ranganna 5 agus 6 i láthair in dhá roinn:

- roinn *scileanna* a bhfuil an teideal *Ag obair mar staraí* uirthi ina ndéantar cur síos ar na scileanna staire ba chóir do pháistí a fhorbairt de réir mar a bhuaileann siad le topaicí staire
- roinn *snáitheanna* a rianaíonn na tréimhsí agus na topaicí staire a d'fhéadfaí a chuimsiú sa chlár staire. Tugtar *snáithaonaid* ar na topaicí taobh istigh de gach snáithe. Tugtar eiseamláirí agus moltaí tríd síos sna rannóga faoin ábhar agus cló iodálach orthu.

Is é tá ar intinn leis an ábhar a chur i láthair in dhá roinn mar seo cabhrú le múinteoirí ina bpleanáil chun dearcadh agus scileanna tábhachtacha a fhorbairt de réir mar a shealbhaíonn na páistí eolas agus tuiscint ar thopaicí staire.

Snáitheanna do ranganna 5 agus 6

Leathnaítear tuilleadh ar raon na snáitheanna ag an leibhéal seo. San áireamh tá:

- *Staidéir áitiúla*
- *Scéalaíocht*
- *Pobail agus sochaithe ársa*
- *Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart*
- *Tréimhsí athraithe agus coimhlinte*
- *Polaitíocht, coimhlint agus an tsochaí*
- *Leanúnachas agus athrú le himeacht ama.*

Tugann an raon aonad taobh istigh de na snáitheanna sin cuid mhaith saoirse do na scoileanna agus do na múinteoirí agus iad ag roghnú ábhair.

Cur chuige bíseach

Tá an curaclam bunaithe ar chur chuige bíseach. Fágann sin gur féidir gnéithe den am atá thart a scrúdú ar bhealach níos mine ag leibhéil éagsúla. I gcás cúig cinn de na snáitheanna, *Staidéir áitiúla; Scéalaíocht; Pobail agus sochaithe ársa; Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart;* agus *Leanúnachas agus athrú le himeacht ama,* is beag nach ionann teidil na snáithaonad do ranganna 3 agus 4 (na meánranganna) agus do ranganna 5 agus 6 (na hardranganna). Ach ní hionann sin is a rá go múinfear na snáithaonaid sin ag an dá leibhéal. Is ar mhaithe le saoirse pleanála a chur ar fáil don scoil agus don rang atá sé amhlaidh.

Is sna meánranganna amháin a mhúinfear cuid de na haonaid, cuid eile, is sna hardranganna amháin a mhúinfear iad. D'fhéadfaí cuid eile fós a mhúineadh go tairbheach ag an dá leibhéal ach na sonraí, na coincheapa agus na modhanna fiosraithe agus láimhseála is casta a fhágáil do ranganna 5 agus 6. Níl sé i gceist gur treoracha dualgais iad na moltaí seo ná go mbeidís eisiach in aon slí. Beidh rogha ag an múinteoir cur leis na haonaid trí thuilleadh aonad saibhrithe a chur leo.

Raon peirspictíochtaí

I gcás na n-aonad a roghnaíonn an scoil agus an múinteoir, ba chóir

- go gcuirfidís an saol a bhí ag mná, fir agus páistí as raon de chúlraí sóisialta, cultúrtha, eitneacha agus reiligiúnda i láthair na bpáistí
- go mbeadh staidéar i gceist leo ar réimse leathan de thaithí an duine (m.sh. réimsí eacnamaíocha, teicneolaíocha, eolaíocha, ealaíonta, sóisialta, cultúrtha, reiligiúnacha, polaitiúla srl.)
- go dtiocfaidís as comhthéacsanna áitiúla, náisiúnta, agus idirnáisiúnta. Is aidhm thábhachtach í de chuid an chláir go bhfaigheadh na páistí tuiscint chothrom ar stair an teaghlaigh agus na muintire agus ar an stair áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Doimhneacht na láimhseála

Ba chóir cothromaíocht a lorg idir an gá atá ann ligean do pháistí foghlaim faoi réimse fairsing na staire náisiúnta agus stair an domhain agus an gá atá ann deiseanna a chur ar fáil dóibh tabhairt faoi dhomhainstaidéar ar thréimhsí níos giorra nó ar thopaicí níos teoranta sa stair áitiúil, sa stair náisiúnta agus i stair an domhain. Ar an ábhar sin, moltar go ndéanfaí staidéar níos doimhne agus thar tréimhse níos faide, gach bliain, ar shnáithaonad amháin sa stair áitiúil agus ar shnáithaonad amháin sa stair náisiúnta nó domhanda.

Cróineolaíocht

Níor cheart cloí go docht le láimhseáil chróineolaíoch ar na snáithaonaid, mar chuirfeadh sé sin an iomarca de cheangal ar phleanáil an churaclaim. Mar shampla, b'fhéidir go socródh scoileanna a bhfuil láithreáin mhaithe Chlochaoise in aice leo go dtabharfadh na hardranganna faoi mhionstaidéar a dhéanamh ar na láithreáin sin. Chuirfeadh sé bac lena leithéid sin dá mba rud é gur cloíodh le cur chuige docht cróineolaíoch. Is féidir tuiscint an pháiste ar an gcróineolaíocht a chothú (rud a phléitear ar bhealach níos iomláine sna treoirlínte do mhúinteoirí a ghabhann leis seo) trí línte ama agus mhodhanna eile a úsáid.

Pleanáil

Ach pleanáil éifeachtach i gcomhair na staire a dhéanamh sa scoil, cinnteofar go rachaidh na páistí trí churaclam leathan comhchothrom gan an iomarca athrá ná gan bhearnaí móra ann. Tá comhairle faoi phlean scoile i gcomhair na staire a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le fáil sna treoirlínte.

Nascadh agus comhtháthú

Tá deiseanna ag na leibhéil ar fad le húsáid a bhaint as cur chuige comhtháite i gcuraclam na staire. Taobh istigh de na ranna faoin ábhar, déantar moltaí sna nótaí atá faoi bhun na snáithaonad maidir le cásanna inar féidir *nascadh* (comhtháthú taobh istigh de churaclam na staire) agus *comhtháthú* (ceangail thraschuraclaim) a dhéanamh.

Forbairt scileanna agus coincheap do ranganna 5 agus 6

Ag obair mar staraí

De thoradh snáithaonaid churaclam na staire a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

Am agus cróineolaíocht

- tuiscint a fhorbairt ar am agus ar chróineolaíocht ionas go bhféadfadh sé/sí daoine, earraí agus imeachtaí a shuíomh taobh istigh de sheicheamh leathan staire
- daoine agus imeachtaí san am atá thart a taifeadadh trí úsáid a bhaint as línte ama simplí de shaghsanna éagsúla
- téarmaí, frásaí agus coinbhinsiúin a bhaineann le taifeadadh dátaí agus ama a úsáid

  RCh, AD, aois, an Chlochaois, 600 RCh, Éire Luath-Chríostaí, Ré na mBard, réimeas Rí Seoirse

Athrú agus leanúnachas

- tuiscint ar athrú agus ar leanúnachas a fhorbairt trí iniúchadh a dhéanamh ar chosúlachtaí agus difríochtaí idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair agus idir thréimhsí éagsúla san am atá thart

Cúis agus iarmhairt

- roinnt gnéithe a aithint arbh fhéidir gurbh iad ba chúis le hathruithe san am atá thart, a chuir stop leo, nó a chuir moill orthu
- a léirthuiscint gur gnách go mbíonn roinnt cúiseanna le teagmhais agus roinnt iarmhairtí orthu

Fianaise a úsáid

- raon leathan d'fhianaise staire a úsáid go criticiúil

  grianghraif, pictiúir, earraí, cuimhní daoine níos sine, foirgnimh, scéalta agus amhráin, foinsí scríofa, scannáin agus meáin eile, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide
- roinnt scileanna a fhorbairt chun fianaise a aimsiú agus a roghnú
- bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha a idirdhealú
- ceisteanna a chur faoi phíosa fianaise
- cuntais ar dhuine nó ar theagmhas ó dhá fhoinse éagsúla nó níos mó a chur i gcomparáid
- tátail shimplí a bhaint as píosa fianaise
- a aithint go bhféadfadh fianaise a bheith easnamhach nó claonta
- a thuiscint gur féidir fianaise a idirmhíniú ar bhealaí éagsúla.

Sintéisiú agus cur in iúl

- eolas stairiúil a roghnú agus eagar a chur air
- fianaise agus an tsamhlaíocht a úsáid chun gnéithe den am atá thart a athchruthú

  imeachtaí an lae i scoil sa naoú haois déag, radharc de dhaoine ag dul ar imirce aimsir an Ghorta, an chuma a bhí ar lonnaíocht chrannóige, litir nó dialann a scríobh pearsa staire
- an tuiscint sin ar an am atá thart a chur in iúl ar bhealaí éagsúla

  an teanga labhartha, scríbhneoireacht, drámaíocht, obair ealaíne, múnlú, meáin eile, teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Ionbhá

- mothúcháin agus inspreagadh daoine san am atá thart a shamhlú agus a phlé
- an chaoi ar bhreathnaigh daoine a bhí páirteach in imeacht san am atá thart, b'fhéidir, a phlé.

Snáithe: Staidéir áitiúla

Snáithaonad Áitribh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- áitribh éagsúla sa cheantar a chur i gcomparáid le chéile agus a chlárú (áitribh ó thréimhsí éagsúla ab fhearr)
  - *méid agus leagan amach, ábhair thógála*
  - *maisiú, troscán agus fearas*
  - *teas, solas, séarachas, soláthar uisce*
  - *timpeallacht (m.sh. sráid, ceap árasán, eastát, gairdín, páirceanna, crainn, coillte, spásanna súgartha)*
- éagsúlachtaí nó cosúlachtaí áitiúla nó réigiúnda sa stíl tógála nó sna hábhair thógála a fhiosrú
- aon cheangal a bheadh idir aois tithe agus an láthair ar a bhfuil siad suite a fhiosrú
- earraí nó lámhdhéantúsáin tí a bhailiú agus a thaifeadadh agus staidéar a dhéanamh orthu.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Imshaoil dhaonna—Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil

Snáithaonad Scoileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- staidéar a dhéanamh ar fhorbairt na scoile thar thréimhse
- stair na scoile a cheangal le stair an oideachais sa pharóiste nó sa cheantar áitiúil
  - *scoileanna filíochta*
  - *scoileanna in aimsir na bPéindlíthe i dtús na hochtú haoise déag*
  - *scoileanna táille (scoileanna scairte) san ochtú nó sa naoú haois déag*
  - *scoileanna nua-aimseartha eile*
- stair na scoile a iniúchadh i gcomhthéacs fhorbairt an oideachais in Éirinn
  - *córas na scoileanna náisiúnta*
  - *obair na n-ord rialta*
  - *ábhar curaclaim agus trealamh scoile*
- úsáid a bhaint as foinsí scríofa agus as foinsí eile
  - *taifid scoile (m.sh. leabhair rollaí, leabhair phionóis, tuairiscí cigirí)*
  - *seanchas iardhaltaí agus ball den fhoireann*
  - *grianghraif scoile*
  - *litreacha, billí, admhálacha, dialanna*
  - *taifid an pharóiste (d'fhéadfadh tagairtí luachmhara do scoileanna a bheith iontu seo)*
  - *tuairiscí sna nuachtáin áitiúla (faoi scoil, nó méadú uirthi, a bheith á hoscailt)*
  - *tuairiscí clóbhuailte oifigiúla (go háirithe tuairiscí rialtais ón naoú haois déag ar staid an oideachais in Éirinn).*

Comhtháthú

OSPS: Mise agus an domhan mór—Saoránacht á forbairt

Snáithaonad Cluichí agus caitheamh aimsire san am atá thart

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a chur ar ghnéithe de stair cluichí sa cheantar
  - *cluichí agus imeachtaí spóirt san am atá thart*
  - *forbairt na hiománaíochta, na camógaíochta, na peile Gaelaí*
  - *spóirt idirnáisiúnta mar leadóg, haca, sacar, rugbaí agus galf a theacht isteach*
- gnéithe de spéiseanna fóillíochta agus de chluichí mhuintir na háite san am atá thart a iniúchadh
  - *cluichí cláir, cluichí cártaí, cluichí sráide*
  - *bothántaíocht agus scéalaíocht*
  - *an phictiúrlann, raidió agus teilifís.*

Comhtháthú

Corpoideachas: Cluichí

OSPS: Mise agus an domhan mór—Forbairt na saoránachta

Ceol: Éisteacht agus freagairt; Léiriú

Snáithaonad Féastaí agus féilte san am atá thart

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a chur ar bhunús raonta d'fhéilte in Éirinn agus i dtíortha eile agus ar na traidisiúin a bhaineann leo
  - *féastaí agus féilte áitiúla*
  - *féastaí agus féilte a chomórann baill éagsúla den scoil agus den phobal áitiúil, féilte Críostaí, Moslamacha, Giúdacha, Hiondúcha agus eile san áireamh de réir mar is cuí*
  - *féastaí agus féilte na mórchreideamh domhanda*
  - *féastaí agus féilte sa chianaimsir*
- roinnt de na searmanais, scéalta, finscéalta, filíocht, ceol, damhsaí agus cluichí a bhaineann leis na féilte sin a iniúchadh, a phlé, agus a thaifeadadh.

Comhtháthú

Corpoideachas: Damhsa

OSPS: Mise agus an domhan mór—Forbairt na saoránachta

Ceol: Éisteacht agus freagairt; Léiriú

Snáithaonad Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- gnéithe den timpeallacht áitiúil a iniúchadh go gníomhach; d'fhéadfaí a leithéidí seo a leanas a chur san áireamh:
  - *sráid-dreach (stíleanna agus gnéithe tógála, troscán sráide)*
  - *achar baile mhóir nó sráidbhaile*
  - *láthair thionscail (m.sh. monarchana, muilte)*
  - *canáil áitiúil, droichid, gréasáin bhóithre, iarnróid, fothraigh (m.sh. túrtheach)*
  - *láthair sheanmhainistreach, reilig nó cill*
  - *cosán Aifrinn, carraig Aifrinn, tobar beannaithe*
  - *láthair réamhstairiúil (m.sh. ráth, tuama ursanach)*
  - *clós feirme, gréasáin pháirceanna agus feirmeacha*
  - *teach mór, tithe na dtionóntaí*
  - *teach oighir, teach allais*
  - *láithreacha catha*
  - *cearta slí áitiúla*
- gnéithe éagsúla de na láithreacha seo a iniúchadh
  - *bunús agus suíomh*
  - *léarscáileanna den láthair anois agus san am atá thart*
  - *an chuma atá ar an láthair anois agus an chuma a bhí uirthi roimhe seo*
  - *an chúis ar tógadh í*
  - *gnéithe den láthair atá tar éis athrú agus na cúiseanna leis na hathruithe sin*
  - *gnéithe atá gan athrú*
  - *saol na ndaoine san ionad seo ag amanna éagsúla*
- bealaí a aithint a bhféadfaí páirt a ghlacadh san iarracht gnéithe den timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú
- torthaí fionnachtana a chur i láthair ag baint leasa as meáin éagsúla agus línte ama cuí.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Imshaoil dhaonna—Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil

OSPS: Mise agus an domhan mór—Forbairt na saoránachta.

Snáithaonad Mo cheantar trí na haoiseanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- staidéar a dhéanamh ar thréimhse nó ar thréimhsí i stair an tsráidbhaile, an bhaile mhóir, cheantar na cathrach, an bhaile fhearainn, an pharóiste nó an chontae; i ranganna 5 agus 6 ba chóir go ndéanfadh na páistí staidéar ar thréimhsí nár clúdaíodh cheana féin i ranganna 3 agus 4
- eolas a chur ar imeachtaí tábhachtacha i stair na háite, ag ceangal pearsana nó imeachtaí áitiúla leis an gcomhthéacs náisiúnta de réir mar a thagann sin i gceist. D'fhéadfadh na topaicí seo thíos bheith feiliúnach chomh maith leo sin a moladh do na meánranganna i gcás an aonaid seo:

  bunús na logainmneacha

  cath áitiúil

  athruithe lonnaíochtaí nó in úsáid na talún

  athruithe i nósanna feirmeoireachta

  imeachtaí tábhachtacha i saol eacnamaíoch an cheantair, mar bhunú monarchan, muilinn, nó comharchumainn

  tionchar athruithe i seirbhísí agus i séarachas

  gréasáin chaidrimh idir bailte móra agus na ceantair thart orthu

- fianaise níos casta agus níos ilghnéithí ná í sin a úsáideadh roimhe seo a úsáid
- bailéid, scéalta agus traidisiúin de chuid na háite a mbeadh baint acu leis na himeachtaí seo a bhailiú.

Comhtháthú

Tíreolaíocht: Imshaoil dhaonna—Daoine a chónaíonn agus a shaothraíonn sa cheantar áitiúil

OSPS: Mise agus an domhan mór—Forbairt na saoránachta.

Snáithe: Scéalaíocht

Snáithaonad Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht le raon leathan scéalta as saol daoine a chuir leis an saol áitiúil nó leis an saol náisiúnta agus le saol daoine i dtíortha eile trí ghníomhaíochtaí teicneolaíocha, eolaíocha, cultúrtha agus ealaíonta, chomh maith le trína bheith ag cur le himeachtaí sóisialta agus polaitiúla; na scéalta sin a phlé, a athinsint agus a thaifeadadh
- eolas a chur ar an saol a bhí ag mná, fir agus páistí ó chúlraí éagsúla sóisialta, cultúrtha, eitneacha, agus creidimh, saol 'gnáthdhaoine' san áireamh, chomh maith le daoine atá 'níos cáiliúla'
- éisteacht le daoine as an áit ag insint scéalta faoin saol a chaith siad
- cróineolaíocht imeachtaí i scéal a phlé
- píosaí simplí fianaise a bhfuil baint acu le hábhar a scrúdú agus tosú ar thátail a bhaint astu
- gníomhartha agus mothúcháin phearsan a phlé
- dearcadh agus inspreagadh pearsan a phlé ina gcomhthéacs stairiúil
- scéalta a léiriú nó a thaifeadadh trí iad a insint, a scríobh, nó trí obair ealaíne, dhrámaíocht, mhím nó ghluaiseacht agus trí theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid
- línte ama cuí a úsáid.

Snáithaonad Miotais agus finscéalta

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- éisteacht le raon níos leithne de mhiotais agus d'fhinscéalta atá níos casta ó chúlraí éagsúla cultúrtha, eitneacha agus creidimh in Éirinn agus i dtíortha eile, iad a phlé, a athinsint, agus a thaifeadadh
- cróineolaíocht na n-imeachtaí sna scéalta a phlé
- gníomhartha agus mothúcháin na bpearsan a phlé
- na miotais agus na finscéalta a cheangal le creideamh, luachanna agus traidisiúin na ndaoine ónar tháinig siad
- nathanna cainte agus coinbhinsiúin a fhaightear i miotais agus an chaoi a n-insítear iad a phlé

  áibhéil, athrá, fantaisíocht, scigphictiúr
- téamaí agus gnéithe comhchoiteanna atá le fáil i miotais agus i bhfinscéalta pobal éagsúla a iniúchadh agus a phlé
- scéalta a léiriú nó a thaifeadadh trí iad a insint nó a scríobh, nó trí obair ealaíne, dhrámaíocht, mhím nó ghluaiseacht agus trí theicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide a úsáid.

Comhtháthú

Ceol: Éisteacht agus freagairt; Léiriú

Na hamharcealaíona: Tá go leor scéalta ann a d'fhéadfadh obair ealaíne a spreagadh.

Drámaíocht: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh le teacht ar thuiscint

Snáithe: Pobail agus sochaithe ársa

Snáithaonaid

Cuid acu seo:

Pobail na Clochaoise

Pobail na Cré-umhaoise

Sochaithe luatha Ghleannta na Tígrise agus na hEofraite

Na hÉigiptigh

Na Gréagaigh

Na Rómhánaigh

Na Ceiltigh

Éire Luath-Chríostaí

Na Lochlannaigh

agus cuid acu seo:

Pobail Mheiriceá Láir agus Theas
m.sh. na hAistéicigh

Pobail na hÁise
m.sh. pobail Ghleann na hIondúise, na hImpireachtaí Ch'in agus Han sa tSín

Pobail na hAfraice
m.sh. Pobail Bheinin

Pobail Thuaisceart Mheiriceá
m.sh. Pobail Dhúchasacha Mheiriceá

Pobail na hAstraláise
m.sh. na Maoraigh

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a chur ar roinnt gnéithe de shaol na ndaoine seo
  - *cárbh as dóibh*
  - *a dtailte dúchais agus a n-imircí*
  - *áitribh, lonnaíochtaí agus forbairtí uirbeacha*
  - *bia agus cócaireacht*
  - *éadaí*
  - *obair agus teicneolaíochtaí*
  - *uirlisí agus airm*
  - *an méid ar éirigh leo a bhaint amach ó thaobh an chultúir agus na n-ealaíon de*
  - *teanga, miotais agus scéalta*
  - *fóillíocht agus caitheamh aimsire*
  - *creideamh agus gnásanna diaganta*
  - *nósanna adhlactha*
  - *naisc le hÉirinn agus leis an Eoraip (mar a bhíonn feiliúnach)*
  - *teacht na bpobal seo go hÉirinn, iad ag cur fúthu anseo, a saol anseo (mar a bhíonn feiliúnach)*
  - *gaolmhaireacht na ndaoine seo le sibhialtachtaí eile*
  - *an oidhreacht a d'fhág na daoine seo ina ndiaidh*
- eolas a chur ar an bhfianaise a insíonn dúinn faoi na pobail seo, go háirithe aon fhianaise fúthu atá ar fáil go háitiúil agus in Éirinn más cuí, agus an fhianaise sin a scrúdú go criticiúil
- ionaid na bpobal seo a chlárú ar línte ama cuí.

Ábhar do ranganna 5 agus 6

Snáithe: Saol, sochaí, obair agus cultúr san am atá thart

Snáithaonaid

Rogha as:

An saol in Éirinn i rith thréimhse na Normannach

An saol sna bailte móra agus faoin tuath in Éirinn agus san Eoraip i rith na Meánaoise

An saol san ochtú haois déag

An saol sa naoú haois déag

Teanga agus cultúr in Éirinn ag deireadh na naoú haoise déag agus ag tús na fichiú haoise

An saol i rith an Dara Cogadh Domhanda

An saol in Éirinn ó chaogaidí na fichiú haoise i leith

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a chur ar ghnéithe de shaol na ndaoine sin
  - *áitribh*
  - *gréasáin lonnaíochtaí agus forbairtí uirbeacha*
  - *éadaí*
  - *bia agus feirmeoireacht*
  - *teicneolaíochtaí a d'fhorbair na daoine agus an tionchar a bhí acu ar shaol na ndaoine*
  - *na daoine ag obair*
  - *cultúr, ealaín agus ceol*
  - *teanga nó teangacha agus litríocht*
  - *fóillíocht agus caitheamh aimsire*
  - *creideamh agus gnásanna diaganta*
  - *imirce agus eisimirce*
  - *caidreamh grúpaí éagsúla lena chéile (m.sh. tiarna talún agus tionónta sa naoú haois déag)*
  - *plé ar cheisteanna áirithe sóisialta, eacnamaíocha, polaitiúla nó reiligiúnda de chuid an ama (m.sh. faitíos roimh an bplá i mbailte móra sa Mheánaois, na Péindlíthe, labhairt na Gaeilge a bheith á tréigean sa naoú haois déag, saol na n-oibrithe sna bailte tionsclaíocha sa naoú haois déag)*
  - *an chaoi ar chuir na daoine agus na himeachtaí sin le forbairt Éire na linne seo*
- fianaise a thugann eolas dúinn ar shaol na ndaoine sna tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu, a smaointe agus a n-ábhair bhuartha a scrúdú agus eolas a chur uirthi, go háirithe fianaise a bhféadfaí teacht uirthi go háitiúil
- ionad daoine agus imeachtaí a thaifeadadh ar línte ama feiliúnacha.

Snáithe: Tréimhsí athraithe agus coimhlinte

Snáithaonaid

Rogha as:

An Renaissance

An Reifirméisean

Trádálaithe, taiscéalaithe agus coilínigh ón Eoraip

An Gorta Mór

An Réabhlóid Thionsclaíoch

An t-athrú in úinéireacht na talún in Éirinn sa naoú haois déag

An t-athrú i rólanna na mban sa naoú haois déag agus san fhichiú haois

An Chéad Chogadh Domhanda

Éire nua-aoiseach

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- eolas a chur ar ghnéithe de na tréimhsí seo
  - *bealaí inar athraigh gnáthshaol laethúil na ndaoine*
  - *athruithe agus coimhlintí i smaointe agus i gcreideamh daoine*
  - *cúiseanna leis na hathruithe agus leis na coimhlintí sin*
  - *daoine, eagraíochtaí agus tarlúintí a raibh baint acu le hathrú a chur i gcrích nó a chuir iad féin in oiriúint d'athrú saoil*
  - *fianaise áitiúil ar athruithe agus ar choimhlintí*
  - *freagairt daoine d'athruithe agus do shaincheisteanna a bhain dóibh*
  - *tionchair fhadtéarmacha athruithe agus coimhlintí*
- fianaise a thugann eolas dúinn faoi shaol daoine sna tréimhsí a mbeadh staidéar á dhéanamh orthu, faoina gcuid smaointe agus faoina n-ábhair bhuartha a scrúdú agus eolas a chur uirthi, go háirithe fianaise a bheadh le fáil go háitiúil
- ionaid daoine agus imeachtaí a thaifeadadh ar línte ama feiliúnacha.

Snáithe: Polaitíocht, coimhlint agus an tsochaí

Snáithaonaid *Rogha as:*

Éire sa séú agus sa seachtú haois déag

Réabhlóid agus athrú i Meiriceá, sa Fhrainc agus in Éirinn

Ó Conaill agus Saoirse na gCaitliceach

1916 agus bunú an stáit

Tuaisceart Éireann

Éire, an Eoraip agus an Domhan ó 1960 i leith

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- staidéar simplí a dhéanamh ar chuid de na gnéithe is tábhachtaí de na tréimhsí inar tharla athruithe nó gluaiseachtaí polaitiúla a raibh tionchar tábhachtach acu ar shaol daoine in Éirinn
- roinnt eolais a shealbhú ar na daoine nó ar na himeachtaí ba mhó le rá sna tréimhsí sin
- dearcadh, creideamh, inspreagadh agus gníomhartha daoine agus grúpaí éagsúla san am atá thart a iniúchadh, a phlé agus a chur i gcomparáid le chéile agus tuiscint shimplí orthu a fhorbairt
- tosú a theacht ar thuiscint ar leagan amach agus dearcadh na nglún a chuaigh romhainn

  an tuiscint gur thar thréimhse ama a tháinig coincheap na caoinfhulaingthe chun cinn agus gur thar thréimhse ama a thiocfadh an coincheap chun cinn nach mór caitheamh le daoine ar bhonn cothroime
- léargas a fháil ar dhearcadh agus ar ghníomhartha daoine in Éirinn na linne seo
- tuiscint a fhorbairt d'fhéiniúlacht phearsanta, náisiúnta agus Eorpach, mar aon le féiniúlacht níos leithne.

Snáithe: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama

Snáithaonaid *Ar na haonaid a d'fhéadaí a chur san áireamh tá:*

Áitribh, forbairtí tithíochta agus uirbeacha

Fánaíocht

Bia agus feirmeoireacht

Éadaí

Iompar

Cumarsáid

Fuinneamh agus cumhacht

Ceardlanna agus

monarchana

Scoileanna agus oideachas

Litríocht, ealaín, ceardaíocht agus cultúr

Cúram na n-easlán

Babhtáil, trádáil agus airgead

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste

- staidéar a dhéanamh ar dhul chun cinn sóisialta, ealaíne, teicneolaíoch agus eolaíoch, thar thréimhsí fada
- samplaí d'athrú agus de leanúnachas ar an 'líne fhorbhartha' a thaispeáint
- na tosca arbh fhéidir ba chúis le hathrú nó a chuir bac le hathrú a thaispeáint
- tagairt a dhéanamh do línte ama cuí nó úsáid a bhaint astu.

Measúnú

Measúnú in OSIE

Measúnú: cuid dhílis den teagasc agus den fhoghlaim

Cuid riachtanach leanúnach den phróiseas teagaisc agus foghlama san OSIE is ea measúnú ar fhoghlaim na bpáistí: bíonn sé ina chuid de gach ceacht ar chuma éigin sa stair, sa tíreolaíocht agus san eolaíocht. Bíonn breitheanna á dtabhairt ag múinteoirí de shíor ar fhoghlaim a bpáistí agus iad ag beartú conas topaicí, coincheapa agus scileanna a thionscnamh agus a fhorbairt, conas ceachtanna atá múinte a dhaingniú, conas dul chun cinn páistí aonair a mheasúnú, conas deacrachtaí a aithint agus conas foghlaimeoirí a mholadh agus a spreagadh.

Treisíonn an measúnú feasacht an mhúinteora ar fhoghlaim gach aon pháiste, soláthraíonn sé eolas cruinn faoina t(h)uiscint agus faoina scileanna agus tugann sé léargas ar a f(h)orbairt iomlánaíoch ar fud raon leathan na n-achar curaclaim. Soláthraíonn sé bunús chun cinnteoireachta mar gheall ar riachtanais foghlama an pháiste amach anseo, cuidíonn sé le heispéireas oideachasúil níos fearr a phleanáil, agus is cuid nádúrtha de churaclam páistelárnach forchéimnitheach é.

Rólanna an mheasúnaithe: cad chuige measúnú san OSIE?

Treisíonn an measúnú teagasc agus foghlaim ar roinnt bealaí. Go bunúsach, ba chóir go gcuideodh an measúnú san OSIE, amhail in achair eile den churaclam, leis an bhfoghlaim atá i ndán don pháiste a phleanáil agus a chur i bhfeidhm. Ba chóir go léireodh an measúnú gnóthachtáil dhearfach gach páiste agus é/í i mbun staidéir ar thopaicí stairiúla, geografacha agus eolaíocha agus go léireodh sé achair i bhfoghlaim an pháiste ar féidir iad a fhorbairt. Nuair a úsáidtear ar an gcaoi seo é, glacann an measúnú ról cuiditheach *múnlaitheach* in oideachas an pháiste. Is é/í an múinteoir go bunúsach a bhainfidh leas as an eolas a gheofar faoi fhoghlaim an pháiste, ach cuirfidh sé ar chumas an pháiste féinmheasúnú a dhéanamh agus spriocanna foghlama pearsanta a shocrú dó/di féin chomh maith.

Léireoidh an measúnú freisin achair ina mbíonn deacrachtaí foghlama ag an bpáiste. Is féidir go gcuimseoidh na deacrachtaí a aithnítear san OSIE easnaimh i dtuiscint an pháiste, bearnaí ina c(h)uid eolais nó easpa scileanna áirithe. Agus an ról *diagnóiseach* seo á chomhlíonadh ag an measúnú ba chóir go gcuideodh sé leis an múinteoir éagsúlachtaí sa chur chuige nó sna heispéiris foghlama a aithint a chuideodh le feabhas a chur ar fhoghlaim an pháiste. Uaireanta is féidir go n-aithneofar deacrachtaí foghlama i ngné amháin d'fhorás stairiúil, geografach nó eolaíoch an pháiste, ach uaireanta eile tabharfaidh easnamh a aimsítear in achar amháin eolas faoi fhoghlaim an pháiste sna hachair eile den OSIE chomh maith. Baineann a lán cineálacha eispéiris teagaisc agus

fhoghlama sa stair, sa tíreolaíocht agus san eolaíocht leas agus úsáid as raon leathan scileanna agus coincheapa sa chaoi go dtig leis an OSIE freisin deiseanna úsáideacha a sholáthar chun fianaise a fháil faoi dhul chun cinn páiste in achair mar mhatamaitic, theanga agus fhorás sóisialta.

Ba chóir go soláthródh an measúnú fianaise faoi ghnóthachtáil fhoriomlán an pháiste go tráthrialta agus ar bhealach rianúil. Is féidir an measúnú a úsáid chun an ról *suimitheach* seo a chomhlíonadh tráth a bhféachann múinteoirí le torthaí na foghlama a thabhairt chun grinnis tar éis aonad oibre a chríochnú nó tráth a dtugann siad tuairisc do dhreamanna seachas an páiste, mar shampla nuair a labhraíonn siad le tuismitheoirí agus le múinteoirí eile mar gheall ar dhul chun cinn an pháiste.

Is féidir leis an measúnú cuidiú leis an múinteoir freisin oiriúnacht an chláir san OSIE atá roghnaithe ag an múinteoir agus an scoil d'aoisghrúpa ar leith a mheas, agus tig leis cabhrú leis an múinteoir éifeacht na n-acmhainní oideachais, na modhanna teagaisc agus na saghsanna éagsúla cur chuige a úsáidtear a mheasúnú. Nuair a leagtar an ról *meastóireachta* seo ar an measúnú, cuidíonn sé leis an múinteoir a aithint conas a d'fhéadfaí eispéireas foghlama an pháiste a fheabhsú.

Measúnú sa stair

Measúnú agus nádúr na staire: cé is ceart a mheasúnú?

Má tá an measúnú chun na rólanna sin a chomhlíonadh, ní mór dó bheith bailí, .i. ní mór dó féachaint le dul chun cinn agus gnóthachtáil an pháiste a thomhas i ngach gné den churaclam staire agus tuairisc a sholáthar dá réir. Tá an curaclam staire bunaithe ar an réamhráiteas gur féidir le stair cur le hoideachas an pháiste ar bhealach sainiúil luachmhar ach an méid seo a bheith i gceist léi in aon am amháin: eolas a shealbhú ar ghnéithe den am atá thart, forbairt scileanna staire agus dearcadh atá tábhachtach a chothú. Ní mór don mheasúnú ar dhul chun cinn na bpáistí sa stair freagairt don tuiscint seo chun go mbeidh bailíocht ann agus ionas nach gcuirfidh na teicníochtaí measúnaithe an curaclam as a riocht. Ar an ábhar sin, caithfidh na teicníochtaí measúnaithe a úsáidfear sa stair féachaint le dul chun cinn na bpáistí a mheas chomh fada is a bhaineann lena n-eolas ar an am atá thart, lena gcumas scileanna staire a úsáid agus le forbairt a ndearcaidh.

Snáitheanna agus snáithaonaid

Déanann na snáitheanna agus na snáithaonaid sa churaclam staire réimsí eolais an churaclaim a rianú agus molann siad bealaí a bhféadfaí scileanna staire a fhorbairt de réir mar a chríochnaítear na haonaid oibre sin. Taispeánann na cuspóirí agus na samplaí sa chló iodálach an réimse eolais a bhféadfaí a bheith ag súil leis ag gach leibhéal. Taispeánann an mhír *Aonad oibre a phleanáil* sna treoirlínte do mhúinteoirí atá ag dul leis seo, cén chaoi a bhféadfaí iad seo a úsáid mar bhunús le gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama. Ba chóir gur ghné amháin den mheasúnú í an réimse eolais a rianaítear sna haonaid seo.

Tugann leagan amach na snáitheanna agus na snáithaonad go leor saoirse do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir le topaicí feiliúnacha a roghnú don chlár staire, agus san am céanna tugann sé treoir maidir leis an gcothromaíocht nach mór a aimsiú taobh istigh den churaclam. Léiríonn an curaclam gur féidir go leor den obair a mholtar do ranganna naíonán agus do ranganna 1 agus 2 a dhéanamh trí mheán téamaí agus topaicí comhtháite, agus ba chóir an measúnú a bheith solúbtha go leor gur féidir leis déileáil le cur chuige oideolaíoch den chineál sin.

Caithfidh na teicníochtaí measúnaithe an raon leathan aonad ar féidir ábhar an chláir a roghnú astu sna meánranganna agus sna hardranganna a chur san áireamh chomh maith agus, ina theannta sin, ceann a thógáil de na critéir ar cheart leas a bhaint astu agus curaclam staire atá leathan agus cothrom á phleánáil (faoi mar atá rianaithe ar lch 36–38 agus 56–58 den churaclam).

De thoradh na saoirse a thugann an curaclam agus de thoradh an éilimh go ndéanfaidh na páistí staidéar ar ghnéithe den stair áitiúil, den stair náisiúnta agus den stair idirnáisiúnta, mar aon le staidéar a dhéanamh ar thréimhsí san am atá thart agus ar thréimhsí sa Mheánaois chomh maith le tréimhsí nua-aimseartha, tá sé riachtanach go ndéanfar pleanáil chuimsitheach, measúnú suimitheach éifeachtach agus taifeadadh taobh istigh den scoil.

Ag obair mar staraí

Gné de mheasúnú na staire atá chomh tábhachtach céanna baineann sí le forbairt agus cur i bhfeidhm na scileanna staire a shealbhaíonn na páistí. Ag gach leibhéal den churaclam rianaíonn an mhír *Ag obair mar staraí* na scileanna agus na coincheapa staire ba chóir a fhorbairt de réir mar a bhíonn na páistí ag déanamh staidéir ar na topaicí a bhfuil cur síos orthu sna snáithaonaid ábhair. Is é atá i gceist leis na cuspóirí agus leis na heiseamláirí atá liostaithe faoi gach ceannteideal sna míreanna sin an méid scile a bhféadfaí a bheith ag súil leis ag gach leibhéal a léiriú. Faoi mar a dhéantar i gcás na gcuspóirí eolais, léirítear conas dlúthchuid den phróiseas teagaisc agus foghlama a dhéanamh d'fhorbairt na scileanna sin sa mhír *Aonad oibre a phleanáil* sna treoirlínte do mhúinteoirí.

Ar roinnt cúiseanna, is casta an rud é measúnú a dhéanamh ar scileanna. Sa chéad áit baineann scileanna ó nádúr le próiseas, le gníomhaíocht agus le cur i bhfeidhm, agus ar an ábhar sin ní furasta iad a mheas le teicníochtaí a bhíonn ag brath ar thoradh deiridh, bíodh sé scríofa nó i bhfoirm éigin eile. Is i gcomhthéacs na gníomhaíochta agus sa phlé a dhéantar ar dhaoine, ar imeachtaí agus ar earraí ón am atá thart is fearr a fheictear an leibhéal ag a gcuireann an páiste bunscoile scileanna staire i bhfeidhm. Úsáideann páistí scileanna na staire agus iad ag obair ina n-aonar, ach is minic gur fusa breathnú orthu agus iad ag gabháil d'obair ghrúpa nó do phlé i gcomhthéacs ranga. Mar sin, má tá an measúnú le bheith ina thráscaire bailí ar thuiscint an pháiste ar an stair, caithfidh sé féachaint leis an gcumas a thaispeánann an páiste i raon leathan gníomhaíochtaí i suímh éagsúla foghlama a aithint agus a thaifeadadh.

Sa dara háit, ní tharlaíonn forbairt scileanna staire go líneach nó go hordlathach. Cé go gcuireann an curaclam scileanna na staire i láthair i sraith de cheithre ráiteas grádaithe chun cabhrú leis na múinteoirí freastal ar fhorbairt na scileanna ar bhealach córasach, is annamh a shealbhaítear na scileanna seo ar bhealach ordúil forchéimnithe. Ní go réidh leanúnach ó leibhéal go leibhéal a fhorbraíonn tuiscint páistí ar an stair. Téann raon tosca éagsúla i bhfeidhm uirthi.

Go háirithe, déantar cumas páistí scileanna staire a chur i bhfeidhm a fhorbairt i gcomhthéacs na ndaoine, na n-imeachtaí agus na fianaise ón am atá thart a dtagann siad orthu ina gcuid foghlama: bíodh is go mbeadh ar chumas páistí scileanna áirithe a úsáid agus iad ag plé imeachta éigin a bhfuil eolas acu uirthi, d'fhéadfadh nach mbeadh ar a gcumas na scileanna sin a úsáid ar an gcuma chéanna i gcomhthéacs nach bhfuil oiread sin taithí acu air. Ní hamháin sin ach cuirfidh go leor páistí na scileanna éagsúla staire i bhfeidhm ag leibhéil éagsúla: d'fhéadfadh go léireodh páiste tuiscint chaolchúiseach ar chúis agus iarmhairt agus inspreagadh pearsan éigin san am atá thart á phlé aige/aici ach fós nach mbeadh ar a c(h)umas na himeachtaí atá i gceist a chur ina gcomhthéacs cróineolaíoch.

Mar sin, baineann measúnú scileanna staire páistí le cur síos a dhéanamh ar phróiseas casta orgánach nach féidir a thomhas go beacht mar gheall ar nádúr smaointeoireacht staire an pháiste agus mar gheall ar na rudaí is bun leis an stair féin—imeachtaí, pearsana, foinsí, ceisteanna, tátail, agus léirmhínithe—a bheith athraitheach, casta, agus fite fuaite ina chéile. Agus measúnú ar siúl, ní mór uirlisí a úsáid ar féidir leo déileáil le caolchúis an phróisis fhoghlama seo agus ar féidir leo foghlaim páistí a mheas i gcomhthéacs na ngnéithe sin den am atá thart a bhfuil eolas acu orthu.

Luachanna, dearcadh agus freagrachtaí

Baineann measúnú sa stair, chomh maith, leis na luachanna agus leis an dearcadh a fhorbraítear sa pháiste de réir mar a dhéanann sé/sí staidéar ar thopaicí staire. Leagann an curaclam béim ar an ról is féidir a bheith ag stair i gcothú dearcaidh oscailte cheistigh i leith creideamh, luachanna agus inspreagtha daoine eile, i gcothú caoinfhulaingthe i leith grúpaí éagsúla eitneacha, cultúrtha, reiligiúnacha agus sóisialta, i gcothú mothú freagrachta i leith chaomhnú na hoidhreachta, agus i gcothú mothú féiniúlachta ar bhonn áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus domhanda.

Curaclam cothrom de thopaicí staire as comhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a spreagann an páiste chun scileanna an staraí a chur i bhfeidhm ar bhealach oscailte criticiúil a chothaíonn an dearcadh sin. Ar nós na scileanna, ní féidir an chaoi a bhforbraíonn an páiste an dearcadh seo a thomhas ach i gcomhthéacs díospóireachta agus suíomh foghlama údaracha. Caithfidh an measúnú a dhéanfar ar dhearcadh an pháiste sa stair a bheith ag brath go mór mar sin ar bhreathnadóireacht agus ar bhreithiúnas an mhúinteora maidir le cur chuige an pháiste i leith topaicí agus gníomhaíochtaí staire.

Uirlisí measúnaithe: conas an measúnú a dhéanamh

I láthair na rólanna éagsúla atá ag an measúnú sa stair agus an gá atá le measúnú a dhéanamh ar eolas na bpáistí ar an am atá thart agus ar fhorbairt a gcuid scileanna agus a ndearcaidh, beidh gá le réimse uirlisí measúnaithe agus le cineálacha éagsúla cur chuige. Beidh raon de mhodhanna measúnaithe ag teastáil ó mhodhanna nach bhfuil chomh struchtúrtha ná chomh foirmiúil sin go dtí modhanna atá níos foirmiúla agus níos struchtúrtha. Go ginearálta, ba chóir go n-eascródh na teicníochtaí measúnaithe a úsáidfear go nádúrtha as an teagasc agus as an bhfoghlaim. Beidh a n-éifeacht ag brath ar scileanna cinntitheacha múinteoireachta, ar bhreathnóireacht, éisteacht agus idirghníomhú leis na páistí agus ar thorthaí tascanna foghlama sa stair a scrúdú.

Tá siad seo a leanas ar na huirlisí is úsáidí a bheidh ag scoileanna le haghaidh measúnaithe sa stair:

breathnóireacht an mhúinteora

tascanna agus tástálacha a cheapfaidh an múinteoir

samplaí oibre, bailiúcháin d'obair na bpáistí agus tionscadail

próifílí curaclaim.

Tuigtear nach gá go mbeadh sé praiticiúil ná inmholta go n-úsáidfí na huirlisí sin ar fad i ngach suíomh foghlama nó taobh istigh d'aon tréimhse ama amháin.

Breathnóireacht an mhúinteora

Cuireann breathnóireacht an mhúinteora agus na breithiúnais ghairmiúla a cheapann sé/sí sa seomra ranga cuid den eolas is sciobtha agus is cruinne faoi fhoghlaim an pháiste ar fáil. Bainfidh an múinteoir síorúsáid as na teicníochtaí seo i rith na gceachtanna staire. Is féidir go leor a fhoghlaim trí bhreathnú ar fhreagairt páistí agus nótáil a dhéanamh uirthi i suímh éagsúla, ina measc:

- freagairt páistí ar cheisteanna agus ar mholtaí an mhúinteora
- páirtíocht páistí i ndíospóireachtaí ranga faoi phearsana stairiúla, faoina n-inspreagadh agus faoina ngníomhartha agus faoi imeachtaí san am atá thart
- idirghníomhaíocht páistí lena chéile i bplé agus in obair ghrúpa
- freagairt páistí do threalamh foghlama agus do thascanna foghlama a dhearann an múinteoir
- na bealaí ina bhfreagraíonn páistí d'fhianaise staire agus an chaoi a n-úsáideann siad í.

Cuireann breathnóireacht an mhúinteora measúnú leanúnach ar fáil ar ghnóthachtáil páistí i ngnéithe eolais, scile agus dearcaidh na staire. Ar an ábhar sin is féidir léi rólanna tábhachtacha diagnóiseacha agus múnlaitheacha a bheith aici chomh maith le cabhrú le haiseolas a chur ar fáil don fhoghlaimeoir. Is sa ghníomhaíocht is fearr a fheictear cén chaoi a n-éiríonn leis an bpáiste ó thaobh forbairt agus cur i bhfeidhm scileanna staire de—cúis agus iarmhairt a aithint, fianaise a láimhseáil, ionbhá le daoine eile a léiriú. Mar sin d'fhéadfadh gurbh í breathnóireacht neamhfhoirmiúil an mhúinteora an t-aon bhealach chun measúnú cruinn a dhéanamh ar dhul chun cinn an pháiste.

Tarlóidh cuid den bhreathnóireacht seo go teagmhasach de réir mar a ghlacann na páistí páirt sna gníomhaíochtaí foghlama agus de réir mar a léiríonn siad spéis i dtopaic staire nó i bpíosa fianaise. Ach is féidir cuid eile den bhreathnóireacht a phleanáil nó a struchtúrú: mar shampla, d'fhéadfadh an múinteoir a shocrú go mbreathnódh sé/sí ar obair daltaí faoi leith a bhfuil deacrachtaí foghlama acu nó ar an bplé taobh istigh de ghrúpa faoi leith sa seomra ranga.

Féadfaidh múinteoirí cuid d'iompar foghlama páistí a nótáil go neamhfhoirmiúil mar chabhair chun eispéiris oideachasúla a bheadh feiliúnach d'fhoghlaimeoirí faoi leith a eagrú amach anseo. Uaireanta b'fhéidir go dtabharfadh múinteoirí faoi deara go gcabhródh nóta simplí den mhéid a bhreathnófaí chun obair do pháiste aonair nó do ghrúpa a phleanáil ar bhealach níos córasaí agus a bheadh dírithe níos fearr ar a riachtanais sin.

Tascanna agus tástálacha a dhearann an múinteoir

Ar fud na n-aonad curaclaim staire feicfidh múinteoirí deiseanna do na páistí tabhairt faoi raon tascanna. Beidh roinnt cuspóirí leo: beartófar cuid acu le gnéithe áirithe den cheacht a dhaingniú, cuid eile chun an páiste a spreagadh le ceisteanna a chur agus le smaoineamh ar imeachtaí nó dhaoine sa stair; déanfaidh cuid eile fós raon de scileanna staire a fhorbairt. Ní hamháin go gcuirfidh siad sin leis an bpróiseas foghlama ach léireoidh freagairt na bpáistí do na tascanna cén dul chun cinn atá á dhéanamh acu sa stair.

Ba chóir raon leathan tascanna a úsáid, agus na cinn seo san áireamh:

- scéalta agus tuairiscí ar imeachtaí a insint agus a athinsint
- cuntais agus cur síos a thabhairt ó bhéal nó i bhfoirm scríofa nó phictiúrtha ar láithreacha ar tugadh cuairt orthu nó ar dhaoine ar cuireadh agallamh orthu
- línte ama a chumadh chun imeachtaí éagsúla, ó línte simplí 'faoinar tharla sa scéal' go línte níos casta de thréimhsí staire a léiriú

- cartaí oibre nó bileoga gníomhaíochta a threoraíonn agus a spreagann páistí agus iad ag scrúdú fianaise nó ag déanamh taighde ar thopaic
- leabhráin loirg a chabhraíonn leis an bpáiste fianaise ón am atá thart a scrúdú sa timpeallacht nó ag taispeántas
- léarscáileanna de láithreacha stairiúla
- rólghlacadh nó comhrá nó imeacht a dhrámú
- tuairimí a chaitheamh faoi mhothúcháin agus inspreagadh pearsan chun cuntas scríofa nó cuntas ó bhéal a chruthú (m.sh. a ndúirt Strongbó lena chara tar éis dó casadh ar Dhiarmaid Mac Murchú den chéad uair, litir a scríobh deoraí sa naoú haois déag chuig a m(h)áthair in Éirinn)
- líníocht nó líníochtaí a chríochnú
- mionsamhlacha a dhéanamh
- leabhar a chur le chéile ar thopaic staire faoi leith nó obair tionscadail a chur i láthair agus úsáid a bhaint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide
- tionscadail ar théamaí staire a chuirtear i gcrích
- cláir idirghníomhacha ilmheáin ríomhaire a chuireann ar chumas páistí topaicí staire a iniúchadh agus raon tascanna, tomhas agus fadhbanna a réiteach. Téann na cláir seo in oiriúint do leibhéal eolais nó scile an pháiste, tugann siad aiseolas do pháiste láithreach faoina d(h)ul chun cinn agus, i gcásanna áirithe, déanann siad sonraí faoi dhul chun cinn grúpa páistí a thaifeadadh mar eolas don mhúinteoir. Bíodh is go bhfuil na cláir seo úsáideach, d'fhéadfadh go bhfuil teorainn lena dtairbhe chun measúnú a dhéanamh ar scileanna staire
- torthaí taighde staire a dhéanann an páiste féin go neamhspleách
- tástáil ar aonad nó ar aonaid oibre a dhearann an múinteoir féin chun críche athbhreithnithe.

Nuair a úsáidtear raon de na gníomhaíochtaí foghlama sin ceanglaítear an measúnú go dlúth leis an bpróiseas teagaisc agus foghlama agus déantar dul chun cinn an pháiste a mheasúnú i gcomhthéacs an ábhair staire a bhfuil taithí aige/aici air. Is féidir leas a bhaint as tascanna chun measúnú a dhéanamh ar eolas na bpáistí ar thopaicí agus ar a gcumas scileanna staire a chur i bhfeidhm, agus is féidir an t-eolas a chuireann siad ar fáil a úsáid ar mhaithe le cuspóirí múnlaitheacha, diagnóiseacha agus suimitheacha.

Má úsáidtear raon tascanna, spreagtar na páistí go léir chun iomlán a gcuid tuisceana ar an stair a thaispeáint. Má chuirtear tascanna i láthair trí mheáin eile, chomh maith leis an scríbhneoireacht, beidh an múinteoir in ann measúnú níos cruinne a dhéanamh ar leibhéal tuisceana staire na bpáistí úd nach bhfuil a scileanna litearthachta chomh forbartha sin. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh an-chuid eolais ag páistí áirithe ar dhálaí sóisialta agus ar theicneolaíocht tréimhse agus gurbh fhearr a léireofaí sin san obair cháiréiseach a bhaineann le mionsamhail a dhéanamh; d'fhéadfadh sé go mbeadh tuiscint láidir d'ionbhá forbartha ag páistí eile nach léireofaí ach sa rólghlacadh.

Samplaí oibre, bailiúcháin d'obair na bpáistí agus tionscadail

Má chuirtear bailiúcháin staire le chéile as raon de shamplaí d'obair an pháiste, bíonn modh rianúil ar fáil chun a d(h)ul chun cinn a chlárú agus a mheasúnú thar thréimhse téarma nó bliana nó thar tréimhse níos faide. Ag brath ar pholasaí measúnaithe na scoile agus ar an ngá go mbeadh bainisteoireacht, scrúdú agus stóráil na mbailiúchán inláimhsithe agus go mbeidís ar fáil go héasca, d'fhéadfadh gurb é a bheadh iontu ná samplaí d'obair reatha an pháiste nó samplaí den chuid is fearr dá (h)obair chríochnaithe mar aon le nótaí a scríobh an múinteoir.

Ar an gcaoi chéanna gur gá na tascanna a cheapann an múinteoir a bheith difriúil ionas gur féidir leis na páistí go léir an fhorbairt atá á déanamh acu a léiriú trí mheáin éagsúla, ní mór na bailiúcháin a bheith solúbtha go leor chun gnóthachtáil i réimsí éagsúla a thaifeadadh. Is cinnte go gcuirfear cuntais scríofa agus líníochtaí isteach, ach d'fhéadfaí cártaí oibre agus leabhráin chomhlíonta, tástálacha a cheap an múinteoir, dioscaí ríomhaire (nó modhanna eile stórála leictreonaí), grianghraif de mhionsamhlacha agus clostéipeanna d'athinsintí nó de dhrámú, b'fhéidir, a chur ann chomh maith. Féadfar na páistí is sine a fhágáil i mbun a mbailiúchán féin, rud a chothóidh a meas ar ar éirigh leo féin a bhaint amach; féadfar cur leis sin trína iarraidh ar dhaltaí na 'samplaí is fearr' dá gcuid oibre, dar leo féin, a roghnú lena gcur sa bhailiúchán.

Féadfar an páiste a spreagadh le féinmheasúnú a dhéanamh ar a c(h)uid oibre féin agus le spriocanna pearsanta foghlama a chur roimhe/roimpi féin, ach dul trí ábhar a b(h)ailiúcháin in éineacht leis/léi. Is bonn maith é seo freisin chun tuairisciú a dhéanamh le múinteoirí eile, le tuismitheoirí agus le daoine eile faoinar éirigh leis an bpáiste a bhaint amach, agus cuireann sé deis ar fáil laigí atá fós ann a aithint. Chomh maith leis sin cuireann anailís chórasach ar na bailiúcháin staire ar chumas an mhúnteora an t-ábhar, na modhanna agus an cur chuige a d'úsáid sé/sí thar théarma nó thar bhliain a mheasúnú.

Is maith mar a fheileann measúnú le cabhair an bhailiúcháin do mheasúnú na staire (agus do réimsí eile den OSIE) agus sin ar chúpla cúis; ar na cúiseanna sin d'áireofaí ilghnéitheacht an churaclaim staire, an gá atá ag an bpáiste le hiniúchadh críochnúil a dhéanamh ar stair an cheantair áitiúil agus an gá atá ann measúnú cothrom a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí ó thaobh forbartha scileanna agus dearcaidh agus ó thaobh eolais de. Ar an ábhar sin, is uirlis thábhachtach é an measúnú le cabhair bailiúcháin d'obair an pháiste as measc raon na n-uirlisí measúnaithe a úsáidtear sa stair.

Próifílí curaclaim

Cuireann próifílí curaclaim bealach ar fáil chun taifead córasach a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil na bpáistí de réir mar a thugann an múinteoir iad sin faoi deara. Bíonn an phróifíl comhdhéanta de tháscairí gnóthachtála, is é sin ráitis ghearra a dhéanann cur síos ar an raon eolais agus scileanna agus ar an dearcadh ar cheart a bheith ag súil leo ón bpáiste ag leibhéil éagsúla foráis. Uaireanta d'fhéadfaí grúpaí nó tacair de na táscairí seo a chur le chéile chun cur síos níos ginearálta a dhéanamh ar dhul chun cinn páiste ag roinnt leibhéal nó céimeanna faoi leith. Féachann múinteoirí le comparáid a dhéanamh idir a dtugann siad féin faoi deara faoi na páistí agus na táscairí sna próifílí de réir mar a thosaítear nó mar a chríochnaítear aonad oibre agus ag tréimhsí rialta eile. Modh taifeadta agus tuairiscithe a d'fhéadfadh a bheith sa phróifíl freisin ach na táscairí a mharcáil nó a aibhsiú de réir mar a bhaineann an páiste amach iad.

Chuirfeadh an mhír *Ag obair mar staraí* i gcuraclam na staire bonn tábhachtach faoi fhorbairt cuid, ar a laghad, de na táscairí atá le cur i bpróifíl; bhainfeadh táscairí eile leis an eolas a bhíonn i gceist sna haonaid a roghnaíonn an scoil. D'éascófaí go mór measúnú iontaofa bailí a dhéanamh ar an gcuraclam staire ach próifílí feiliúnacha staire a fhorbairt.

Is iad torthaí bhreathnóireacht an mhúinteora foinse roinnt de na sonraí is iontaofa faoi dhul chun cinn páistí i ngach gné den stair, agus cuireann próifílí curaclaim bealach ar fáil chun na torthaí sin a eagrú, a chur i gcóras agus a thaifeadadh. Chomh maith leis sin, is féidir an phróifíl a úsáid chun córas éifeachtach taifeadta agus tuairiscithe a chruthú taobh istigh den scoil. Má thugtar suas chun dáta é go tráthrialta i rith na bliana beidh sé ina thaifead suimitheach an-sásúil chun tuairiscí a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaoine eile.

Cur chuige cothrom i leith an mheasúnaithe san OSIE

Ós é bunaidhm an mheasúnaithe i gcónaí eispéireas foghlama an pháiste a threisiú, is den riachtanas é nach laghdófaí go mór an tréimhse theagaisc de thoradh teicníochtaí measúnaithe a bheith in úsáid sa stair agus in achair eile den OSIE. Ba chóir go mbeadh treoir ar fáil do mhúinteoirí i bpolasaí na scoile don stair faoi ghléasanna measúnaithe a úsáid ar bhealach soláimhsithe iontaofa a bheadh comhtháite go dlúth leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Soláthrófar cur chuige cothrom praiticiúil i leith an mheasúnaithe sa scoil má dhéantar cur chuige coiteann a fhorbairt agus a úsáid maidir le torthaí breathnóireachta múinteoirí agus torthaí eispéiris fhoghlama a thaifeadadh agus maidir le bailiúcháin d'obair an pháiste agus próifílí curaclaim a thiomsú.

Ag taifeadadh agus ag cur in iúl

Breathnóireacht an mhúinteora, tascanna agus trialacha a cheapann an múinteoir, samplaí nó bailiúcháin d'obair an pháiste, próifílí curaclaim agus cártaí próifíle na bpáistí, cruthaíonn siad sin córas cuimsitheach le dul chun cinn agus gnóthachtáil gach páiste sa stair agus i gclár iomlán an OSIE a mheasúnú. Nuair a dhéantar an t-eolas seo a chomhroinnt ar an bhfoireann teagaisc agus é a phlé, cuireann sé ar chumas múinteoirí a gcuid saineolais a mhalartú agus comhthuiscint ar dhul chun cinn daltaí agus ar mheasúnú san OSIE a fhorbairt (próiseas a dtugtar *modhnóireacht* air). Cuideoidh comhoibriú dá leithéid le múinteoirí féachaint chuige go mbeidh leanúnachas agus iontaofacht ag baint le húsáid na ngléasanna measúnaithe.

Ba chóir go soláthródh an raon uirlisí measúnaithe san OSIE eolas riachtanach faoi fhoghlaim an pháiste do dhaltaí, do mhúinteoirí, do scoileanna, do thuismitheoirí agus do dhaoine gairmiúla nach iad, sa chaoi go mbeadh cinnteoireacht mar gheall ar fhoghlaim an pháiste amach anseo níos éasca. Sa phlé a dhéanfaidh múinteoirí agus tuismitheoirí le chéile cuirfear deiseanna ar fáil aiseolas a fháil ó na tuismitheoirí, agus cuirfidh sin le measúnú iomlán an pháiste.

Cárta próifíle dalta

Éascófar taifeadadh agus cur in iúl an eolais seo faoi dhul chun cinn an pháiste ach cárta próifíle dalta a úsáid. Is é ba chóir a bheith sa chárta próifíle dalta (cárta arbh fhéidir go bhforbrófaí é lena úsáid sna bunscoileanna uile) ná measúnú suimitheach ar dhul chun cinn an pháiste sna hachair churaclaim go léir agus ar ghnéithe eile dá f(h)orás.

Breithiúnas gairmiúil an mhúinteora ar fhorás an pháiste sa stair bunaithe ar thorthaí an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe a rinneadh i rith na bliana a bheidh i ngné amháin den chárta próifíle dalta. Ba chóir an mhír den chárta a bhaineann leis an OSIE a bheith sách solúbtha chun freastal ar chomh comhtháite is atá an t-achar seo den churaclam i ranganna na naíonán agus i ranganna 1 agus 2. Ós rud é gur chóir don chárta bunús pleanála a sholáthar d'fhoghlaim an pháiste amach anseo i rang eile nó i scoil eile, ba chóir eolas mar gheall ar an raon de thopaicí staire atá iniúchta ag an bpáiste a bheith mar chuid den chárta nó a bheith naiscthe leis.

Ba chóir na féidearthachtaí agus na buntáistí a ghabhann le teicneolaíocht an eolais a iniúchadh ó thaobh éascaíocht a dhéanamh do thaifeadadh, do stóráil agus d'aistriú cártaí próifíle dalta, agus an teicneolaíocht a úsáid dá mb'fhéidir, nuair a bheadh aon chóras próifílithe dalta á cheapadh lena chur i bhfeidhm go forleathan.

Aguisín

Ballraíocht an Choiste Curaclaim don OSIE

Ullmhaíodh an curaclam seo ag an gCoiste Curaclaim don Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirligh	Angela Griffin *(ó 1995)*	Cumann Múinteoirí Éireann
	Helen Kennedy-Martin *(go 1995)*	Cumann Múinteoirí Éireann
	Micheál Ó Déaghaidh	Cumann Múinteoirí Éireann
Baill an Choiste	Br Thomas Costello	Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna
	Peadar Cremin	Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais
	Margie Cullen	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	Marie Danaswamy	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	David Fitzgerald	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Henry Goff	Cumann Múinteoirí Éireann
	Angela Griffin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Kathleen Horgan *(go 1996)*	Cumann Múinteoirí Éireann
	Jim Hourihane	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
	Helen Kennedy-Martin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Frankie McGrath *(go 1995)*	Cumann Múinteoirí Éireann
	James Malseed	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Sheelagh Morrow	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Sr Mairéad Ní Choinín	Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna
	Treasa Ní Fhearraigh *(ó 1996)*	Cumann Múinteoirí Éireann
	Siobhán Ní Mhuirthile	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
	Éamonn Ó Breacáin	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Tomás Ó Briain	Cumann Múinteoirí Éireann
	Colm Ó Ceallacháin	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Micheál Ó Cinnéide *(ó 1995)*	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	Micheál Ó Mathúna	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Pádraig Ó Murcháin	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Brian Tubbert	Cumann Múinteoirí Éireann
Oifigigh oideachais	Harold Hislop	
	Carmel O'Doherty	

Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Cathaoirleach	Tom Gilmore	
Baill an choiste	Séadhna de Blán (*ó 1995*)	Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann
	Liam Ó hÉigearta (*ó 1996*)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Dympna Glendenning (*ó 1995*)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Fionnuala Kilfeather (*ó 1995*)	Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse
	Éamonn MacAonghusa (*go 1996*)	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
	Ath Gearóid Mac Conmara (*ó 1995*)	Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha
	Peadar Ó Maoláin	Cumann Múinteoirí Éireann
	Síle Ní Núnáin (*ó 1995*)	Cumann Múinteoirí Éireann
	Eugene Wall	Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile
Comhordaitheoir	Caoimhe Máirtín (*go 1995*)	
Leas-phríomhfheidhmeannach	Lucy Fallon-Byrne (*ó 1995*)	
Príomhfheidhmeannach	Albert Ó Ceallaigh	

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (*go 1996*), Dr Caroline Hussey (*ó 1996*)

ISBN 0-7076-6303-2

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA